Fleming, Michael	€103.47	€51.74	€51.73	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€3,705.10	€0.00
Furlong, Karen (larchomhairleoir)**	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00
Gildea, Jim	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€5,642.12	€0.00
Grainger, Anna	€101.01	€50.51	€50.50	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€3,705.10	€0.00
Hall, Lorraine	€527.86	€239.80	€288.06	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€3,655.10	€0.00
Halpin, Melisa	€282.83	€141.42	€141.41	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€6,081.60	€0.00
Hanafin Mary	€89.42	€44.71	€44.71	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€3,794.99	€0.00
Hand Pat (larchomhairleoir)**&**	€289.55	€144.77	€144.77	€0.00	€416.65	€7,108.35	€2,083.35	€2,556.50	€0.00
Kennedy John	€231.95	€115.97	€115.97	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€6,261.60	€0.00

Kingston, Deirdre	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€0.00	€6,261.60	€0.00	€0.00
Lewis, Hugh	€550.02	€240.42	€309.59	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€2,083.35	€6,152.95	€0.00	€0.00
McCarthy, Lettie	€390.06	€194.03	€196.03	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€2,083.35	€6,261.60	€0.00	€0.00
McGovern, Lynsey	€234.47	€117.04	€117.23	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€0.00	€4,783.44	€0.00	€0.00
McLoughlin, Sean	€101.85	€50.93	€50.92	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€0.00	€3,705.10	€0.00	€0.00
Merrigan, Michael (Iarchoimhairleoir)*&**	€194.05	€97.02	€97.02	€0.00	€416.65	€7,108.35	€0.00	€0.00	€2,108.60	€0.00	€0.00
*Murphy Brian (Iarchoimhairleoir)	€190.45	€95.22	€95.22	€0.00	€499.98	€17,159.68	€0.00	€0.00	€1,609.56	€0.00	€0.00
Murphy Tom	€236.17	€118.08	€118.08	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€0.00	€6,152.95	€0.00	€0.00
Nic Cormaic Sorcha	€120.40	€60.20	€60.20	€0.00	€416.65	€17,159.68	€0.00	€0.00	€2,376.69	€0.00	€0.00
Ní Fhlionn Deirdre	€108.00	€54.00	€54.00	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€0.00	€2,435.14	€599.90	€0.00
O'Brien Peter	€269.62	€134.81	€134.81	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€0.00	€6,261.60	€0.00	€0.00
*O'Brien Shane (Iarchoimhairleoir)	€132.35	€66.17	€66.17	€0.00	€416.65	€7,108.35	€0.00	€0.00	€2,451.61	€0.00	€0.00
O'Callaghan, Denis	€235.87	€117.93	€117.94	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€0.00	€6,261.60	€0.00	€0.00
O'Connell, Juliet	€101.04	€50.51	€50.53	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€0.00	€3,705.04	€0.00	€0.00
O'Connell, Maeve	€101.03	€50.52	€50.51	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€0.00	€2,435.14	€787.20	€0.00
Ó Faoláin, Séafra	€136.40	€68.20	€68.20	€0.00	€583.31	€10,051.28	€0.00	€0.00	€2,435.14	€600.00	€0.00
O'Leary, Jim	€128.29	€64.15	€64.14	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€0.00	€3,705.10	€0.00	€0.00
*O'Keefe, David (Iarchoimhairleoir)	€46.84	€23.42	€23.42	€0.00	€416.65	€7,108.35	€0.00	€0.00	€2,556.50	€0.00	€0.00
O'Neill, Seamas (Iarchoimhairleoir)*&**	€79.78	€63.59	€63.45	€0.00	€416.65	€7,108.35	€0.00	€0.00	€2,108.60	€0.00	€0.00
Power, Una	€101.73	€50.87	€50.86	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€0.00	€3,705.10	€0.00	€0.00
Quinn, Dave	€101.03	€50.52	€50.51	€0.00	€583.31	€10,051.33	€0.00	€0.00	€3,705.10	€0.00	€0.00
Saul, Barry	€232.65	€116.32	€116.32	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€2,833.36	€3,933.34	€0.00	€0.00
Smyth, Carrie	€272.73	€136.37	€136.36	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€2,833.36	€6,261.60	€0.00	€0.00
Smith, Donal	€231.95	€115.97	€115.97	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€0.00	€6,261.60	€0.00	€0.00
Smyth, Ossain	€249.14	€124.57	€124.57	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€2,833.36	€6,261.60	€0.00	€0.00
Stewart Patricia (Iarchoimhairleoir)*&**	€54.68	€27.34	€27.34	€0.00	€416.65	€7,108.37	€0.00	€0.00	€2,556.50	€0.00	€0.00
*Tallon Grace	€104.64	€52.32	€52.32	€0.00	€499.98	€8,530.02	€0.00	€0.00	€1,610.76	€0.00	€0.00
Ward Barry	€100.59	€50.31	€50.28	€0.00	€1,000.00	€17,159.68	€0.00	€2,083.35	€4,057.30	€0.00	€0.00
White Alex	€209.60	€104.80	€104.80	€431.70	€416.65	€7,108.35	€0.00	€0.00	€2,331.65	€0.00	€0.00
Total	€11,581.59	€5,662.40	€4,649.85	€431.70	€39,582.67	€677,832.23	€29,500.26	€225,376.34	€4,350.42	€0.00	€0.00

Bilí Móbileacha 2019: De réir Chiorcán L04/2019 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, íocann an Chomhairle Contae as leath de bhíllí Foin Mhóibíligh na gComhairleoirí suas go dtí uasmhéid €600.00 sa bhliain. Íocann an Chomhairleoir an t-iararmhéid, e.g. más ionann Bille Iomlán na Comhairle agus €1500.00; íocfaidh an Chomhairle €600.00 agus íocfaidh an Chomhairleoir an t-iararmhéid €900.00 den bhille atá i gceist. Bhain 57 Comhairleoir tairbhe as foin mhóibíleacha a chuir an Chomhairle ar fáil; Tá foin mhóibíleacha a roghnaigh an Chomhairle ag 40 Comhairleoir. Baintear leath den Bhille móibíleach d'íocaíochtaí cruinnithe na gComhairleoirí. Cuirteann 2 Comhairleoir atá le soláthraithe dífríúla isteach a mbíllí féin agus íocfaidh an Chomhairle suas go dtí €50.00 orthu sin. Ní dhreara 2 Chomhairleoir éileamh ar Speansais Mhóibíleacha agus Leathanbhanda a chur isteach le haghaidh dhá mhí.

Leathanbhanda 2019: Féadann na Comhairleoirí leas a bhaint as líntas leathanbhanda suas go dtí uasmhéid €30.49 sa mhí le soláthraí dá rogha féin. Bhain 13/57 Comhairleoir leas as sin in 2019. Ní mór do na Comhairleoirí a mbíllí féin a chur isteach & is féidir leo leath de na bíllí leathanbhanda a fháil ar ais suas go dtí uasmhéid €30.49.

* = (a) Iarchoimhairleoirí a d'éirigh as oifig ar an 31 Bealtaine &/nó (B)**A fuair íocaíocht in Aisce sa bhliain reatha -

Comhairleoir – 57 Comhairleoir san Iomlán	Leathanbhanda	Comhdhála/ Ollúint/ Seimineár	An méid a mheastar atá dlite do na Comhairleoirí as Ollúint/Seimineár	Liúntas an Chathaoirigh/ Liúntas an Leaschathaoirigh	Íocaíocht in Aisce	An Méid Iomlán a Íocadh leis na Comhairleoirí in 2019
Ahmed, Kazi	€ 155.49	€1,434.60	€150.27	€0.00	€0.00	€16,015.99
Bailey, John (nach maireann)	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€15,640.11
Baker, Marie	€0.00	€25.59	€0.00	€0.00	€0.00	€27,154.62
Blain, Emma [Samhain 2018 – Bealtaine 2019]	€196.00	€892.14	€0.00	€0.00	€0.00	€25,727.98
Brennan, Shay	€0.00	€0.00	€0.00	€13,798.80	€0.00	€36,727.12
Carroll MacNeill, Jennifer	€0.00	€0.00	€4736	€0.00	€0.00	€14,336.59
Clarke, Michael	€0.00	€0.00	€484.61	€0.00	€0.00	€14,767.86
Colgan, Anne	€213.43	€877.21	€0.00	€0.00	€0.00	€28,220.41
*Cuffe, Jennifer (Iarchomhairleoir)	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€9,915.58
*Curran, Chris (Iarchomhairleoir) [úil 2018 – Bealtaine 2019]	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€10,430.37
*Daly, Kevin (Iarchomhairleoir)	€0.00	€0.00	€1,013.41	€0.00	€0.00	€11,027.62
Devlin, Cormac	€0.00	€23.98	€2,478.33	€0.00	€0.00	€29,346.05
Dockery, Liam	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€11,381.60
Donnelly, Deirdre	€0.00	€27.74	€1,884.15	€2,299.80	€0.00	€27,171.51
Dowling, Eva Elizabeth	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€13,469.26
Dunne, Daniel	€304.90	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€24,610.16
Fallon, Ciaran (Iarchomhairleoir)**	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€15,149.28	€15,149.28
Fayne, Mary Téarma Oifige 2019 – (iú hEanáir – 31ú Bealtaine; Comhthofa in Ionad John Bailey (nach maireann) 14ú Deireadh Fómhair – 31ú Nollaig)	€219.89	€1,130.14	€0.00	€2,108.15	€0.00	€19,602.01
Feeney, Kate	€0.00	€228.54	€0.00	€0.00	€0.00	€24,175.15
Fleming, Michael	€0.00	€32.04	€0.00	€0.00	€0.00	€14,320.05
Furlong, Karen (Iarchomhairleoir)**	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€8,679.50	€8,679.50
Gildea, Jim	€0.00	€648.64	€937.79	€0.00	€0.00	€25,388.23
Grainger, Anna	€21.00	€128.57	€251.92	€0.00	€0.00	€14,690.73
Hall, Lorraine	€0.00	€23.35	€0.00	€0.00	€0.00	€14,025.03
Halpin, Melisa	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€24,099.87
Hanafin Mary	€60.98	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€14,445.90
Hand Pat (Iarchomhairleoir)*&**	€589.14	€2,335.13	€0.00	€0.00	€68,784.60	€83,728.95
Kennedy John	€0.00	€593.81	€0.00	€0.00	€0.00	€24,899.12
Kingston, Deirdre	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€24,421.28

Lewis, Hugh	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€26,086.39
McCarthy, Lettie	€243.92	€0.00	€287.64	€0.00	€0.00	€0.00	€26,840.16
McGovern, Lynsey	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€22,825.89
McLoughlin, Sean	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€14,288.82
Merrigan, Michael (Iarchomhairleoir)*&**	€182.94	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€17,060.00	€26,779.52
*Murphy Brian (Iarchomhairleoir)	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€9,122.67
Murphy Tom	€0.00	€377.22	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€24,571.77
Nic Cormaic Sorcha	€109.95	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€9,951.44
Ní Fhionn Deirdre	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€13,606.68
O'Brien Peter	€0.00	€30.61	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€24,317.08
*O'Brien Shane (Iarchomhairleoir)	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€9,910.44
O'Callaghan, Denis	€0.00	€28.19	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€24,331.53
O'Connell, Juliet	€0.00	€21.83	€251.92	€0.00	€0.00	€0.00	€14,562.90
O'Connell, Maeve	€0.00	€399.34	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€14,205.81
Ó Faoláin, Séafra	€0.00	€0.00	€33.26	€0.00	€0.00	€0.00	€13,634.79
O'Leary, Jim	€0.00	€91.22	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€14,366.82
*O'Keefe David (Iarchomhairleoir)	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€10,058.08
O'Neill, Seamas (Iarchomhairleoir)*&**	€101.60	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€17,060.00	€26,731.75
Power, Una	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€14,288.88
Quinn, Dave	€0.00	€22.81	€103.38	€0.00	€0.00	€0.00	€14,415.42
Saul, Barry	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€24,810.06
Smyth, Carrie	€0.00	€200.25	€441.12	€0.00	€0.00	€0.00	€27,759.65
Smith, Donal	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€24,305.31
Smyth, Ossain	€0.00	€23.26	€33.26	€0.00	€0.00	€16,098.60	€43,285.19
Stewart Patricia (Iarchomhairleoir)*&**	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€28,046.64	€38,155.50
*Tallon Grace	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€10,588.44
Ward Barry	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€24,350.61
White Alex	€609.80	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€10,793.35
Total	€3,009.04	€9,596.21	€8,398.42	€34,305.35	€154,780.02	€1,182,512.83	

Bilil Móibleacha 2019: De réir Chiorclán L04/2019 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, iocann an Chomhairle Contae as leath de bhilil Fóin Mhóibíleach na gComhairleoirí suas go dtí uasmhéid €600.00 sa bhliain. Iocann an Chomhairleoir an t-iarhméid, e.g. más ionann Bille Iomlán na Comhairle agus €150.00, iocfaidh an Chomhairle €600.00 agus iocfaidh an Chomhairleoir an t-iarhméid €900.00 den bhille atá i gceist. Bhain 57 Comhairleoir tairbhe as fóin mhóibíleacha a chuir an Chomhairle ar fáil; Tá fóin mhóibíleacha a roghnaigh an Chomhairle ag 40 Comhairleoir. Baintear leath den bhille móibíleach d'íocaíochtaí cruinnithe na gComhairleoirí. Cuireann 2 Chomhairle atá le soláthraithe difriúla isteach a mbilil féin agus iocfaidh an Chomhairle suas go dtí €50.00 orthu sin. Ní dhearna 2 Chomhairleoir éileamh ar Speansais Mhóibíleacha agus Leathanbhanda i [R1 ->R4] agus baineann 40 Comhairleoirí tairbhe as Billi Seartha. Rinne Comhairleoir armháin speansais mhóibíleacha & leathanbhanda a chuir isteach le haghaidh dhá mhí.

Leathanbhanda 2019:- Féadann na Comhairleoirí leas a bhaint as liúntas leathanbhanda suas go dtí uasmhéid €30.49 sa mhí le soláthraí dá rogha féin. Bhain 13/57 Comhairleoir leas as sin in 2019. Ní mór do na Comhairleoirí a mbilil féin a chur isteach & is féidir leo leath a mbilil leathanbhanda a fháil ar ais suas go dtí uasmhéid €30.49.

* = (a) Iarchomhairleoirí a d'éirigh as oifig ar an 31 Bealtaine & / nó (B) ** A fuair íocaíocht in Aisce sa bhliain reatha -

Gnóthaí Corparáideacha



Cuntais Meán Sóisialta

LEANTÓIRÍ FACEBOOK ▲19% 38,411

LEANTÓIRÍ TWITTER ▲17% 43,353

LEANTÓIRÍ INSTAGRAM ▲17% 6,242

AMHAIRC LEATHANAIGH

SUÍOMH GRÉASÁIN ▲13% 4,289,223 (IOMLÁN)



Rinneadh

173

Iarratas
Saorála
Faisnéise
a Phróiseáil

Os cionn **136,000**
TEAGMHÁIL CHUSTAIMÉARA
ag **an Mol Sibhialta**



163,981

TOGHTHÓIR AR
CHLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ



1,120 Ball
Foirne san
Iomlán

124 Fostaí nua
earcaithe

165 Ball Foirne
a d'fhreastail ar
Scrúduithe Sláinte



3.66%

Céatadán na foirne a d'fhógair go bhfuil siad faoi mhíchumas

Cuireann Gnóthaí Corparáideacha seirbhís éifeachtach éifeachtúil ar fáil don Chathaoirleach, do na Comhaltaí Tofa agus don lucht ardbhainistíochta agus cuireann siad seirbhísí cumarsáide agus seirbhísí ginearálta ar fáil don phobal. Tá siad freagrach as cruinnithe uile na Comhairle a riar, tiomsú Chlár na dTogthóirí, ullmhú thuarascálacha reachtúla na Comhairle, Sláinte agus Sábháilteachta, Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, Soláthar Corparáideach, Rialachas, Acmhainní Daonna agus Comhpháirtíocht an Ionaid Oibre. Tacaíonn Teicneolaíocht Faisnéise leis na seirbhísí ar fad, rud a chinntíonn deachleachtas agus bearta éifeachtúlachta i soláthar na seirbhísí do na Comhairleoirí agus don phobal.

Áirítear leis na seirbhísí sin:

- Oifig an Chathaoirigh
- Cruinnithe na Comhairle
- Bainistíocht Áiseanna
- Bainistíocht Eastáit Chorparáidigh
- An Oifig Cumarsáide
- Tionscnaimh Dhigiteacha
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Soláthar Corparáideach
- Saoráil Faisnéise
- Clár na dTogthóirí
- Oifig Dhún Droma
- Seirbhísí Iniúchta
- Nochtuithe Cosanta
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Comhpháirtíocht an Ionaid Oibre

Cruinnithe na Comhairle

Tá 40 Comhalta Tofa ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (Comhairleoirí Contae). Déanann na Comhaltaí Tofa ionadaíocht ar na Toghlímistéir Áitiúla seo a leanas:

- An Charraig Dhubh
- Dún Droma
- Dún Laoghaire
- Gleann Cuilinn-Áth an Ghainimh
- Cill Iníon Léinín-Seanchill
- Stigh Lorgan

In 2019, reáchtáladh Toghcháin Áitiúla chun Comhairleoirí a thoghadh do théarma nua Comhairle. Maireann gach téarma Comhairle cúig bliana. I dToghcháin Áitiúla 2019, bhí 73 iarrthóir ar 40 suíochán ar Chomhairle Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Déanann an Rannóg Rúnaíochta Cruinnithe Comhairle, Cruinnithe Choiste Ceantair Dhún Droma agus Dhún Laoghaire, cruinnithe an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, cruinnithe an Choiste Eagraíochta, Nósanna Imeachta agus Prótacail agus cruinnithe Toscaireachta a riar.



An Chomhairle Nuathofa - Meitheamh 2019 (An Comhairleoir John Bailey, nach maireann)



Ag Seoladh Dhúshlán an Mhoil Luaineachta Chliste an 20 Meitheamh 2019, tá Ronan Herron, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, David Keely, Fiontraíocht Éireann, Aoife Ni Rathaille (CCBÁC), Shane Dunny (AECOM), Philomena Poole, Príomhfheidhmeannach, Matthew Pilgrim (AECOM) agus Paddy Boyle (Bainistíocht Flit)

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019:

- Rinneadh Toghcháin Áitiúla 2019 a bhainistiú agus a riar.
- Tionsaíodh Lámhleabhar Ionduchtúcháin do na Comhaltaí Nuathofa
- Ghlac na Comhaltaí le Scéim na gCoistí um Beartais Straitéiseacha
- Cuireadh tús le Córas nua Riaracháin le haghaidh Cruinnithe Comhairle a fhorbairt
- Rinneadh cruinnithe na Comhairle Contae, cruinnithe Buiséid agus cruinnithe Speisialta de chuid na Comhairle a bheoshruthú agus a chur i gcartlann in 2019

In 2019, bhí na cruinnithe seo a leanas ag an gComhairle:

An Comhairle Contae (an Cruinniú Bliantúil agus an Cruinniú Buiséid san áireamh)	14
Coiste Cheantar Dhún Droma	16
Coiste Cheantar Dhún Laoghaire	18
Coistí um Beartais Straitéiseacha	6
An Comhchoiste Póilíneachta	3
An Coiste Eagraíochta, Nósanna Imeachta agus Prótacail	3
Grúpa Beartais Chorporáidigh	4
Toscaireachtaí	19

Bainistíocht Áiseanna

Tá an Rannóg Bainistíochta Áiseanna freagrach as Foirgnimh Chorporáideacha a bhainistiú (Halla an Chontae/an Bhaile, Cearnóg an Chuain, Oifig Dhún Droma, Teach Carnegie, Teach Ballygowan agus Lóiste an Chuain ar an gceann is deireanaí.

Áirítear leis an obair a dhéanann an Rannóg Bainistíochta Áiseanna:

- Cothabháil foirgníochta ar oifigí corparáideacha agus tíos ginearálta
- An Próiseas Ceannaigh / Soláthair / Tairisceana – Mar gheall ar úsáid chonarthaí na hOifige um Sholáthar Rialtais maidir leis an tSlándáil, Glantachán ar Conradh, Stáiseanáireacht, Leictreachas, Gás agus na Creataí GNPB, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, le haghaidh Seirbhísí Fón Póca agus Líne Seasta, shábháil an Chomhairle an-chuid airgid.
- Aithníonn an Grúpa Réigiúnach um Sholáthar (a bhfuil an Chomhairle ina ball de) deiseanna le haghaidh tairiscintí comhoibriúcháin i Réigiún Bhaile Átha Cliath.
- Seirbhísí glantacháin, seirbhísí slándála, seirbhísí ceaintín, diúscairt dramhaíola agus athchúrsáil a bhainistiú
- Ídiú fuinnimh agus feasacht a úsáid.
- Bainistíocht ar Chaidrimh le Custaiméirí (CRM) a úsáid agus conarthaí á mbainistiú
- Deasc Póirtéara
- Córas na dTeileafón / Fón Phóca Chorporáideacha a bhainistiú.
- An t-ionad a shocrú d'imeachtaí i Halla an Chontae
- Hallaí ar Cíos/Searmanais Shibhialta

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019:

- Baineadh amach athdheimhniú ISO50001
- Tugadh isteach Fearas Fuinnimh Tí i lár 2019 lena fháil ar iasacht ag baill foirne. Fuair seachtar ball foirne ar iasacht é in 2019
- Lorgaíodh tairiscintí arís le haghaidh soláthar leictreachais agus gáis leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun luach ar airgead a chinntiú do na trí bliana atá le teacht
- Lorgaíodh tairiscintí arís le haghaidh conradh lónadóireachta leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le Halla an Chontae agus Baile Uí Ógáin
- Lorgaíodh tairiscintí arís le haghaidh conradh teileafóin líne seasta



HAVE

YOUR

SAY

Táimid ag forbairt ár dtosaíochtaí do **2024-2020 do Phlean Corparáideach** an chontae agus ba mhór linn bhur gcuid tuairimí a chloisteáil ar conas ar mhaith libh go n-oibreodh an Chomhairle ar bhur son!

Déan teagmháil linn agus glac páirt sa chomhrá ar

dlrcoco.ie/CorporatePlan

Is féidir tuairimí a chur isteach go dtí an **27ú Meán Fómhair**

Bainistíocht Eastáit Chorporáidigh

I ndiaidh gur ceapadh an tOifigeach Sinsearach Eastát in Aibreán 2019, bunaíodh an tAonad um Bainistíocht Eastát Corparáideach chun tús a chur leis an bpróiseas maidir le bainistíocht agus cothabháil Phunann Réadmhaoine na Comhairle a lárú. Go stairiúil, rinneadh roinnt Ranna réadmhaoine i seilbh na Comhairle a bhainistiú.

Thug an tAonad um Bainistíocht Eastát trí phríomhroinn seirbhíse le chéile:

- Bainistíocht Maoine
- Bainistíocht Áiseanna
- Bainistíocht Conarthaí.

Trí struchtúr lárnach bainistíochta agus treoir choiteann a chur ar fáil do na Ranna sin, ligtear dúinn spriocanna agus straitéisí coiteanna a fhorbairt a thagann le Pleananna Corparáideacha agus Soláthair Seirbhíse na Comhairle.

- Clár Lárnach um Shócmhainní Réadmhaoine a fhorbairt chun an talamh, na foirgnimh agus an t-eastát go léir atá i seilbh na Comhairle a chur in áit amháin.
- Ár bPunann Réadmhaoine a mhapáil ar Ardán GIS, ionas go mbeidh ár Ranna in ann é a rochtain go héasca.
- A chinntiú go ndéantar Clár na Sócmhainní Seasta a nuashonrú agus go dtagann sé leis an gClár Lárnach Réadmhaoine.
- Ardán oiriúnach TF a fháil ar féidir é a úsáid chun monatóireacht agus bainistíocht lárnach a dhéanamh ar ár bhFoirgnimh Chorporáideacha agus ar Phunann Eastát & Réadmhaoine níos leithne dlr.
- Straitéis Spáis Chorporáidigh a fhorbairt dár bhfoirgnimh atá in úsáid agus nach bhfuil in úsáid, lena chinntiú go bhfuil an úsáid a bhainimid as ár spás á huasmhéadú.
- Na hAonaid Bainistíochta Conarthaí & Áiseanna a leathnú chun creataí a thógáil ar féidir leo tacú lenár bhFoirgnimh Chorporáideacha agus iad a chothabháil.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019:

- Comhdhlúthú na nAonad Bainistíochta Áiseanna, Conarthaí agus Réadmhaoine.

- Oibríodh lenár Ranna Airgeadais agus Árachais lena chinntiú go ndéantar ár gClár Sócmhainní Seasta a athbhreithniú agus a nuashonrú go bliantúil.
- Bunaíodh Coiste na nEastát Corparáideach, a chuireann fóram míosúil ar fáil do na Ranna uile chun ceisteanna réadmhaoine a phlé.
- Rinneadh Creataí Bainistíochta Áiseanna a bhí ann cheana a fhorbairt chun seirbhísí cothabhála a chur ar fáil do réadmhaoín ar fud phunann na Comhairle.
- Cuireadh tionscadail athfheistithe soilsithe LED i gcrích chun an t-ídiú fuinnimh a laghdú i dtrí cinn dár bpríomhionad fóillíochta (Baile Uí Lachnáin, Sruthán na Cluana & Baile na Manach).
- Oibríodh lenár mbainisteoirí foirgnimh agus le comhghleacaithe ar an bhFoireann Bainistíochta Fuinnimh chun athdheimhniú Chaighdeán Fuinneamh ISO50001 a bhaint amach.

An Oifig Cumarsáide

Déanann an Oifig Cumarsáide maoirseacht ar chumarsáid chorporáideach agus inmheánach don Chomhairle. Tá sí freagrach as an gcumarsáid inmheánach agus seachtrach go léir, as caidreamh poiblí, as bainistíocht géarchéime agus as margaíocht thar ceann dlr ar fud gach seirbhís de chuid na Comhairle.

Oifig an Chathaoirligh

Cuireann Gnóthaí Corparáideacha tacaíocht iomlán ar fáil don Chathaoirleach agus don oifig, lena n-áirítear:

- Comhairle a Thabhairt ar Phrótacal agus Bainistíocht Imeachtaí
- Dialann agus Coinní an Chathaoirligh a Bhainistiú
- Cuirí a Eisiúint agus a Bhainistiú
- Ríomhphoist agus Comhfhreagras a Fhreagairt
- Óráidí a Ullmhú
- Preasráitis a Eisiúint i ndiaidh Imeachtaí

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019:

- Freagraíodh gach ceist ó na meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta – 314
- Eisíodh Preasráitis – 81
- Rinneadh gníomhaíochtaí agus imeachtaí na Comhairle a Chur Chun Cinn agus a Bhainistiú.
- Foilsíodh Cúig Eagrán de dlr Times
- Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2018
- Rinneadh cuntais meán sóisialta dlr a bhainistiú, rud a chuir uirlis chumarsáide an-fhreagrúil isteach agus amach ar fáil don Chomhairle. Seo a leanas líon na leantóirí a bhí ag cuntais meán sóisialta dlr:
 - Tháinig méadú 19% ar líon na leantóirí ar Facebook go 38,411.
 - Tháinig méadú 17% ar líon na leantóirí ar Twitter go 43,353.
 - Tháinig méadú 17% ar líon na leantóirí ar Instagram go 6,242.
- Rinneadh Iarratais Ombudsmain a Chomhordú – 19
- Cuireadh Scéim Gaeilge na Comhairle i bhfeidhm de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
- Rinneadh láithreán gréasáin na Comhairle a bhainistiú. Tháinig méadú 13% ar líon na n-amharc ar an láithreán gréasáin in 2019, agus amharcadh air 4,289,223 uair san iomlán. Tháinig méadú 11% ar líon na ndaoine a thug cuairt ar an láithreán gréasáin in 2019 freisin, agus d’amharc 965,251 air san iomlán.
- Citizenspace - tugadh cuireadh don phobal páirt a ghlacadh in 29 Comhairliúchán ar Mhol Comhairliúcháin ar Líne dlr.
- Lá na Tvuíteanna – D’eisigh an Chomhairle breis is 66 tvuít ar Lá na Tvuíteanna, an 12 Aibreán 2019, agus bhí an haischlib chéanna - #YourCouncilDay in úsáid sna tvuíteanna go léir agus cruthaíodh 67,304 Taispeáint ar an lá.
- Cuireadh tús leis an obair ar Phlean Corparáideach 2020-2024

Tionscnaimh Dhigiteacha**Bunaíodh Smart Sandyford faoin Tionscnamh Smart Dublin**

Ceapadh Clár bhainisteoir chun Tionscadal Smart Sandyford a stiúradh i gcomhar le Ceantar Feabhsú Gnó Áth an Ghainimh agus Clár Enable Choláiste na Tríonóide.

Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí don Fhoireann Lasmuigh

Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm Seirbhís SMS don Fhoireann Lasmuigh dlr. Tá an-tóir ar an tseirbhís agus úsáidtear í chun baill foirne a choinneáil ar an eolas maidir le gach gné den Chomhairle.

Scáileáin Tadhail do Chomhairliúchán Pleanála

Suiteáladh trí mhórscaileán tadhail sa spás Comhairliúcháin Pleanála sa Mhol Cathartha i Halla an Chontae. Cuireann na scáileáin sin bealach idirghníomhach agus tarraingteach ar fáil chun a bheith rannpháirteach sa phróiseas pleanála don Phlean Forbartha Contae agus do gach comhairliúchán poiblí eile atá ar siúl.

Dúshlán Nuálaíochta agus Taighde na nGnóthas Beag – Idirlíon na nEarraí

Tugadh Céim 1 de Dhúshlán Nuálaíochta agus Taighde na nGnóthas Beag – Idirlíon na nEarraí chun críche in 2019. Mar chuid den Dúshlán, d’oibrigh ceithre chuideachta lenár bhFoireann Innealtóireachta Soilsithe Phoiblí chun líonra cumarsáide a sholáthar trí theicneolaíocht mhogalra radaimhíníochta a úsáid chun gur féidir le braiteoirí éagsúla Idirlíon na nEarraí cumarsáid a dhéanamh le Halla an Chontae.

Seachtain na Nuálaíochta – Sraith Seachtaine Cainteanna Ama Lóin & Foghlama i Nollaig 2019

Reáchtáil baill foirne sraith seachtaine de Chainteanna Ama Lóin i Seomra nua na Comhairle. Sna cainteanna sin, clúdaíodh réimse leathan ábhar, lena n-áirítear Córais Faisnéise Geografaí (CFG), Suirbhé Crann & an tAthru Aeráide, Microsoft Teams, Claochlú Digiteach, An Mol Luaineachta, An Mol Cathartha, Smart Dublin agus Deaiseanna Digiteacha.

WiFi Poiblí Saor in Aisce

Leanadh le WiFi poiblí saor in aisce a sholáthar i nDún Laoghaire, Páirc an Phobail, Páirc Mharlaí agus Ceantar Tionsclaíoch Áth an Ghainimh, agus táthar ar tí WiFi a sholáthar do thionóntaí Chlós Ceardaíochta Pháirc Mharlaí chun tacú le gnólachtaí beaga áitiúla.

An Ghaeilge

Fuarthas trí aighneacht ón gCoimisinéir Teanga maidir le comharthaí bóthair agus tráchta. Tá inneachar statach as Gaeilge ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Rinneadh spás do nuacht i nGaeilge i ngach eagrán de dlr Times.

Seachtain na Gaeilge 2019

- Amhráin & Rainn do pháistí óga leis an údar Áine Ní Shúilleabháin
- Cuairt ón Údar Gaeilge Sadhbh Devlin
- Scéalta ó chéin is ó chógar: scéalaíocht le Seosamh Ó Maolaláir

Scríbhneoir Cónaithe dlr 2019-20

- Is údar dátheangach í Sadhbh Devlin. Le linn a cónaitheachta, tá tús curtha aici le club sóisearach leabhar “Club Leabhar na nÓg” in dlr Lexlcon, foilsíonn sí iris dhátheangach gach ráithe agus tá cuairt tugtha aici ar fhorhmór na leabharlanna chun imeachtaí Gaeilge leabhar agus ceardaíochta a óstáil.

Féile na nÓg dlr - Lá teaghlach a reáchtáladh trí Ghaeilge in dlr Lexlcon ar an 5 Deireadh Fómhair 2019.

- D’fhreastail breis is 2,000 cuairteoir air. I measc na n-imeachtaí ar an lá, bhí déanamh puipeád, ióga, ceardlanna scéil agus ealaíne, amhráin agus suantraihte, agus cuairt údair - gach ceann acu trí mheán na Gaeilge.

Imeachtaí rialta Gaeilge ar chlár na Leabharlanna:

- Seisiúin sheachtainiúla chomhrá as Gaeilge do dhaoine fásta in dlr Lexlcon agus i Leabharlann Ghráinseach an Déin
- Club leabhar míosúil Gaeilge do dhaoine fásta i Leabharlann Dheilginse
- Club Leabhar na nÓg míosúil do pháistí in dlr Lexlcon
- Imeachtaí míosúla Grúpa Spraoi do theaghlach in dlr Lexlcon

An Mol Cathartha

Is é an Mol Cathartha ár Lárionad um Sheirbhís do Chustaiméirí agus tá sé d’aidhm aige leibhéal ár seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú trí phointe teagmhála inrochtana amháin a chur ar fáil maidir le riachtanais ár gcustaiméirí.

Seoltar gach cainéal cumarsáide tríd an Mol, lena n-áirítear ceisteanna ar an teileafón, ar ríomhphost agus ar líne, earraí poist agus ár gcuntar poiblí. Leis sin, cinntítear comhsheasmhacht sa chaoi a ndéileáiltear le custaiméirí agus ligtear dúinn gach fiosrú a rianú ar fud na heagraíochta, a fhágann gur féidir le custaiméirí an t-eolas is déanaí a fháil maidir lena bhfiosruithe. Déanann an Mol Cathartha gach aighneacht ó Ionadaithe Tofa a thaifeadh agus a rianú freisin.

Tá an Mol Cathartha go hiomlán inrochtana agus tá cuntair níos ísle, suíocháin do chustaiméirí agus córas lúb ionduchtúcháin ann. Is féidir le custaiméirí bothanna féinfhreastail a úsáid chun ár seirbhísí a rochtain go neamhspleách agus bíonn tacaíocht ar fáil dóibh más gá.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019:

- Rinneadh teagmháil le custaiméirí 136,000 uair
- Freagraíodh 95,858 glaoh teilifóin
- Freagraíodh 27,055 ríomhphost
- Taifeadadh 6,709 earra poist
- Pléadh le 6,436 ceist ag daoine ag an gcuntar

Soláthar

Is é an ról atá ag Aonad Soláthair dlr ná soláthar breisluacha a chinntiú atá dírithe go straitéiseach agus a thacaíonn le soláthar seirbhísí nuálaíochta, inbhuanaithe, cost-éifeachtúla agus ardchaighdeáin, i gcomhréir le Plean Corparáideach dlr trí thacú lenár rannóga ceannaigh agus próisis soláthair á gcur i bhfeidhm acu.

Tá an tAonad freagrach as na rudaí seo a leanas:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an soláthar corparáideach go léir
- Cabhrú le doiciméid soláthair a dhréachtú sula bhfoilsítear iad
- Bunachar na gConarthaí Corparáideacha agus an phíblíne a bhainistiú
- Comhairle agus Tacaíocht a thabhairt don eagraíocht ar gach réimse den Soláthar
- Oiliúint a chur ar fáil dár bhfoireanna ceannaigh, de réir mar is gá
- Soláthar comhoibríoch comhdhlúite a chur chun cinn ar fud na Ranna agus ar fud an réigiúin

- Monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ar chonarthaí / ar sholáthar go corparáideach de réir an soláthraí
- Páirt a ghlacadh i líonraí Náisiúnta agus Réigiúnacha Soláthair
- Tuairisciú a dhéanamh ar Sholáthar dlr de réir mar a éilíonn an Coiste Iniúchta agus don Rialtas Láir

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019:

- Freagraíodh 768 ceist Soláthair
- Cuireadh oiliúint ar 179 ball foirne

Cuan Dhún Laoghaire

Díscaoileadh Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire agus aistríodh an Cuan go hiomlán chuig Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an 3 Deireadh Fómhair 2018. In 2019, thosaigh an fhoireann agus oibríochtaí Calafóirt ag nascadh leis an gComhairle Contae.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019:

- In 2019, bogadh beart freastalán na long crúsála ón gCé Thiar go Cé Carlisle. Tríd an mbeart a bhogadh, tiocfaidh aionna crúsála isteach i lár an bhaile anois, rud a chuirfidh barr feabhas ar an leas don gheilleagar áitiúil.
- Tá dul chun cinn á dhéanamh ag dlr ar thionscadal an teirminéil farantóireachta mar spás don obair chomhionaid agus don fhiontar
- Bronnadh an conradh don Phlean Eacnamaíoch don Chuan ar Indecon.
- Cuireadh cuntais deiridh iniúchta na Cuideachta Cuan a bhí ann roimhe faoi bhráid an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 2019 de bhun Alt 33 den Acht Cuanta, 2015.



Beart Nua do Ché Carlisle, Dún Laoghaire

Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

Le linn 2019, lean an fhoireann Cosantóirí GDPR, (ar a dtugtar an Fhoireann Príobháideachta), a bunaíodh in 2018, ag bualadh lena chéile, chun an dea-chumarsáid agus an fheasacht a chinntiú ar fud na heagraíochta maidir le cúrsaí Cosanta Sonraí. Mar chuid de ról na foirne don bhliain freisin, bhí uirthi roinnt doiciméad - Beartas um Chosaint Sonraí, Beartas TCI agus fógraí príobháideachta do na Ranna uile san áireamh - a mheas agus cabhrú lena bhforbairt. Lean an Gníomhaire Dlí i ról an Oifigeach Cosanta Sonraí agus tacaíonn Comhordaitheoir Sonraí agus Oifigeach Cúnta Foirne ó Roinn na nGnóthaí Corparáideacha leis.

Saoráil Faisnéise

San Aonad Saorála Faisnéise (FOI), tá an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise (Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach) agus triúr ball foirne riaracháin. Is é an tAonad i dtosach a phléann le gach larratas um Shaoráil Faisnéise, um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus um Rochtain ar Shonraí.

In 2019, rinneadh 173 larratas um Shaoráil Faisnéise (FOI), 10 n-larratas um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE) agus 18 n-larratas um Rochtain ar Shonraí (DAR) don Chomhairle.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Staitisticí maidir le Saoráil Faisnéise do 2019

Líon iomlán na n-larratas Saorála Faisnéise a próiseáladh	173
Pearsanta	41
Neamhphearsanta	132
Measctha	0
larratais a Ceadaíodh	58
larratais a Ceadaíodh i bPáirt	54
larratais ar Diúltaíodh Dóibh	53
larratais a Aistríodh	6
larratais a Aistarraingíodh	6
larratais a Láimhseáladh Taobh Amuigh de FOI	3
Athbhreithnithe Inmheánacha a Rinneadh	9
Achomhairc don Choimisinéir Faisnéise	0

Foinsí na n-larratas a Fuarthas

Daoine den Phobal	111
Iriseoirí	51
Gnólachtaí/Grúpaí Leasa	6
Oireachtas/Daoine den Phobal	4
Baill Foirne	1
Cliaint	0

Clár na dToghthóirí

Tháinig Clár na dToghthóirí 2019-2020 i bhfeidhm ar an 15 Feabhra 2019. Bhí 163,981 toghthóir ar an gClár deiridh. Bhí 2,388 toghthóir ar Chlár Forlíontach Bhealtaine 2019 do na Toghcháin Áitiúil, Reifinn agus Toghcháin Eorpacha. Foilsíodh Dréachtchlár 2020-2021 ar an 1 Samhain 2019 agus bhí 164,192 toghthóir air.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

In Aibreán 2019, tugadh isteach www.Voter.ie (tairseach gréasáin, ar a ligtear do bhreis is milliún cónaitheoir i mBaile Átha Cliath a gcuid sonraí toghcháin a sheiceáil san fhíorama) i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ligeann an tairseach do Thoghthóirí iad féin a chur le Clár na dToghthóirí, a seoladh nó a sonraí a athrú agus iad féin a bhaint den Chlár.

Oifig Dhún Droma

Chuir Oifig Dhún Droma seirbhís den scoth ar fáil do chustaiméirí trí cheisteanna custaiméirí a fhreagairt ar fud na Ranna go léir. Suiteáladh both féinfhrestail ag an gcuntar poiblí chun gur féidir le custaiméirí rochtain a fháil ar fhaisnéis agus seirbhísí trí láithreán gréasáin dlr. Suiteáladh aonad taispeána teilifíse ag an mbealach isteach chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis an nuacht is déanaí agus imeachtaí a bheidh ag tarlú go luath de chuid na Comhairle.

Bhain 10 mBunscoil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin leas as Scéim na mBéilí Scoile.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Bhí na 134 cruinniú seo a leanas ar siúl in Oifig Dhún Droma in 2019:

Coistí Ceantair 17; Cruinniú CBS 1; Toscaireachtaí 15; Cruinnithe Tithíochta 28; Cruinnithe Ranna Eile 58; Taispeántais/ Taispeántas poiblí 10 agus Cruinnithe Faisnéise don Phobal 5

Iníúchadh Inmheánach

Is é an fheidhm atá le hIníúchadh Inmheánach ná cinnteacht neamhspleách a thabhairt do Bhainistíocht agus Coiste Iníúchta na Comhairle go bhfuil próisis rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach.

Agus a ról á chomhlíonadh, déanann Iníúchadh Inmheánach leordhóthanacht rialaithe inmheánaigh na Comhairle a iniúchadh agus a mheas agus tuairiscíonn sé orthu. Cabhraíonn sé sin leis an gComhairle a chinntiú go n-úsáidtear a cuid acmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de.

Sa Phlean Bliantúil Iníúchta Inmheánaigh, arna cheadú ag an gCoiste Iníúchta, tá clár iniúcháireachtaí a dhéantar le linn na bliana. Cuirtear torthaí agus moltaí gach iniúchta faoi bhráid na Foirne Bainistíochta agus an Choiste Iníúchta.

Déanann Iníúchadh Inmheánach monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí ó thuarascálacha iniúchta agus déanann sí athbhreithniú orthu tríd an gcóras iniúchta agus bainistíochta riosca ViClarity a úsáid.

Cuireann an Rannóg tacaíocht ar fáil freisin don Choiste Iníúchta maidir lena dhualgas a chur i gcrích.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Cuireadh torthaí agus moltaí ó cheithre thuarascáil iniúchta i láthair na Foirne Bainistíochta agus an Choiste Iníúchta
- Freastalaíodh ar Chomhdháil Náisiúnta Institiúid na nIníúchóirí Inmheánacha
- Freastalaíodh ar chruinnithe de chuid Líonra Iníúchta Inmheánaigh an Rialtais Áitiúil
- Rinneadh an Chairt Iníúchta Inmheánaigh a nuashonrú
- Breathnaíodh ar bhealaí chun an córas iniúchta agus bainistíochta riosca ViClarity a fheabhsú agus cuireadh feabhsuithe i bhfeidhm ar fheidhmiúlacht tuairiscithe an chórais.

Coiste Iniúchta

Is Coiste reachtúil den Chomhairle é an Coiste Iniúchta arna ceapadh de bhun alt 59 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014.

Tá seachtar comhaltaí ar an gCoiste Iniúchta, is é sin triúr comhaltaí tofa agus ceathrar ionadaithe seachtracha.

Bunaíodh Coiste nua i ndiaidh na dToghcháin Áitiúla i mí na Bealtaine 2019.

Tháinig an Coiste triúr le chéile faoi thrí in 2019.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Breithníodh RAB 2018; agus Tuarascáil an Iniúcháin Rialtais Áitiúil ar Chuntais 2018 agus comhaontaíodh an Tuarascáil Alt 60
- Fuarthas cur i láthair ar Bhuiséad 2019
- Comhaontaíodh Cairt an Choiste Iniúchta
- Breithníodh tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh agus fuarthas nuashonraithe rialta ar ghníomhaíochtaí Iniúchta Inmheánaigh
- Fuarthas tuarascálacha rialta ar Chuntais Ioncaim agus Chaipitil na Comhairle
- Tugadh tuarascáil agus cuntais deiridh Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire a bhí ann roimhe faoi deara

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta in 2019

Sláinte agus Sábháilteacht

Chun leanúint lena thiomantas do thimpeallacht oibre shlán shláintiúil a bhunú agus a chothabháil, coimeádann dlí feidhm iniúchta inmheánaigh agus chomhairleach ar bun trí Oifig na Sláinte Corparáidí agus na Sábháilteachta chun comhairle a thabhairt don Phríomhoifigeach, don lucht ardbhainistíochta agus do Ranna gaolmhara maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde a bhainistiú laistigh den Chomhairle.

In 2019, leanadh leis an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a leasú, de réir mar ba ghá.

Tugadh faoi iniúchtaí agus cigireachtaí ar oibríochtaí saothair dhíreach & conraitheoirí ar bhonn rialta le linn 2019 ar fud Ranna uile na Comhairle

Acmhainní Daonna

Bíonn Rannóg na nAcmhainní Daonna ag plé le riar forálacha reachtacha fostaíochta agus leis na beartais, na nósanna imeachta agus na scéimeanna arna nglacadh ag an mbainistíocht. Bíonn an Rannóg freagrach as foghlaim agus forbairt foirne, bainistíocht ama agus tinrimh, rannpháirtíocht éifeachtach fostaithe agus as tacaíocht a chur ar fáil d'fheidhmeanna párolla agus aoisliúntais na heagraíochta freisin.

In 2019, cuireadh tús leis na hullmhúcháin don Phlean nua Fórsa Saothair a thacóidh le rialtas áitiúil a bheidh éifeachtach agus freagrúil sa tréimhse 2020–2024 i gcomhréir leis an bPlean Corparáideach. D'fhág 111 duine an Chomhairle le linn 2019 nuair a d'imigh siad ar scor nó nuair a d'éirigh siad as. Fógraíodh 29 comórtas earcaíochta in 2019 agus chuir 1,099 duine isteach orthu. Reáchtáladh 599 agallamh agus earcaíodh 124 fostaí

nua in 2019. Ag deireadh 2019, bhí 1,120 ball foirne ag obair don Chomhairle ar fud na ngrád cléireachais / riaracháin, gairmiúil, teicniúil, ceirde agus ginearálta.

Soláthraíodh 126 Clár Foghlama & Forbartha in 2019. Cuireadh fáilte roimh 124 ball foirne nua chuig an eagraíocht leis an gClár Ionduchtúcháin. Tacaíodh le 53 ball foirne faoin Scéim Cúnaimh maidir le cúrsaí breisoideachais. Cuireadh réimse leathan & éagsúil oiliúna ar fáil ar fud grúpaí foirne uile na Comhairle.

Lean Rannóg na nAcmhainní Daonna le beartais na Comhairle, a chuireann timpeallacht oibre shláintiúil atá cothrom agus tacúil chun cinn, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt. Sáraíodh sprioc 3% an Achta um Míchumas, 2005 maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú arís in 2019, agus d'fhógair 3.66% de na baill foirne go raibh siad faoi mhíchumas. Lean Seirbhís Leas na Foirne uirthi ag tacú le baill foirne agus cuireadh tús leis an obair ar chreat réamhghníomhach sláinte agus folláine a fhorbairt a mbeidh leas foirne, feachtais feasachta sláinte agus cláir athléimneachta mar chuid de

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Líon na daoine a d'imigh ar scor nó a d'éirigh as	111
Líon na gcomórtas earcaíochta a fógraíodh	29
Líon na nIarratasóirí	1,099
Líon na n-agallamh a reáchtáladh	599
Líon na bhfostaithe nua a earcaíodh	124
Líon na gClár F&F a cuireadh ar fáil	126
Líon na mball foirne nua ar cuireadh fáilte rompu tríd an gClár Ionduchtúcháin	124
Líon na mball foirne a dtugtar tacaíocht dóibh tríd an Scéim Cúnaimh	53
Céatadán na foirne a d'fhógair go bhfuil siad faoi mhíchumas	3.66%

Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise

Seo a leanas ról Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise:

- An nuálaíocht a bhaineann le cúrsaí TF a stiúradh agus a éascú.
- Socrú a dhéanamh chun seirbhísí nua TF a thabhairt isteach go héifeachtach trí thionscadail.
- Socrú a dhéanamh chun na seirbhísí TF atá ann cheana féin ar fud na Comhairle a sholáthar go hiontaofa.
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail agus tograí náisiúnta TF agus tacú leo.

Tá an creat ITIL glactha chuige féin ag an Rannóg TF chun an dea-chleachtas agus an éifeachtúlacht a chinntiú agus seirbhísí a chuirtear ar fáil cheana féin á soláthar.

Úsáidtear modheolaíocht bainistíochta riosca (PMM) le cinntiú go ndéantar conarthaí a bhainistiú agus tionscadail a ailíniú le Plean Corparáideach agus Plean Bliantúil Soláthair Seirbhísí na Comhairle agus le cinntiú go gcuirtear tionscadail i gcrích ar bhealach tráthúil agus cost-éifeachtúil freisin.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Réitigh deasc na seirbhíse TF 3,381 glaoch.
- Críochnaíodh tionscadail a bhain le bonneagair criticiúil. Orthu siúd, bhí

- Síneadh a chur le líonra dlr chun foirgnimh Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire a chlúdach.
- Síneadh a chur leis an réiteach LAN gan sreang go móroifigí taobh amuigh de Halla an Chontae
- Cur i bhfeidhm réiteach feabhsaithe cianoibre do bhaill foirne (AnyConnect).
- Cur i bhfeidhm seirbhís nua um Priontáil Bhainistithe
- Rinneadh roinnt réitigh nua ghnó a fhorbairt agus/nó a chur i bhfeidhm a bhfuiltear ag súil leo go dtiocfaidh torthaí claochlaitheacha astu sna blianta atá le teacht. Orthu siúd, bhí;
 - An réiteach Voter.ie a forbraíodh i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena ligtear don phobal a gcuid sonraí ar chlár na dtoghthóirí a bhainistiú ar líne.
 - dlrFOI, a forbraíodh chun gur féidir iarratais um Shaoráil Faisnéise a chur isteach ar líne, agus bainistiú inmheánach an phróisis FOI a fheabhsú.
 - Deaiseanna inmheánacha PowerBI agus GIS a éascaíonn faisnéis fheabhsaithe bainistíochta, agus cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise.
 - Cur i bhfeidhm uirlisí nua comhoibrithe foirne amhail MS Teams
 - Forbairt céim a haon de dlrDocs (córas bainistíochta doiciméad frontair agus taifead) atá curtha i bhfeidhm sa Stiúthóireacht Pleanála.

Ar na tosaíochtaí in 2020, tá dul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dlrDocs ar fud na heagraíochta, socrú a dhéanamh go dtabharfaí seirbhísí feabhsaithe digiteacha do Chomhairleoirí agus cruinnithe Comhairle, comhéadain fheabhsaithe a chur ar fáil don phobal agus do bhaill foirne mar chuid dár gcóras CRM, agus feabhas a chur ar sheirbhísí inmheánacha ar dlrLink, inlíon na foirne.

Comhpháirtíocht an Ionaid Oibre

Reáchtáil an Coiste Comhpháirtíochta roinnt cruinnithe le linn na bliana. Lean Grúpaí Gníomhaíochta Comhpháirtíochta le dul chun a dhéanamh ar roinnt cuspóirí/gníomhaíochtaí. Bhí Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) san áireamh mar chuid den Fhorbairt Foirne.

Áiríodh leis na himeachtaí & na scéimeanna:

- Comóradh Bliantúil Foirne i Halla an Chontae & Baile Uí Ógáin
- Bunaíodh Luibhghort Halla an Chontae i gcomhar le Gnóthaí Corparáideacha
- Rinne Comhpháirtíocht suirbhé ar bhaill foirne lonnaithe i mBaile Uí Ógáin ar cheisteanna a bhain leis an gceaintín foirne. D'fhreagair 30% díobh an suirbhé agus cuireadh an fhaisnéis a tiomsaíodh ar aghaidh go Gnóthaí Fostaíochta chun cabhrú leis an ullmhúchán do phróisis tairisceana nua um lónadóireacht.
- D'fhreastail 48 ball foirne agus a n-aíonna ar ócáid Fadseirbhíse 25 bliain.
- Reáchtáladh Cainteanna Meabhairshláinte Foirne i Halla an Chontae ar ar fhreastail 50 ball foirne
- D'fhreastail 165 Ball foirne ar Scrúduithe Sláinte i Halla an Chontae & Baile Uí Ógáin
- Rinneadh scrúduithe meitibileacha thar 4 lá i mBaile Uí Ógáin agus i Halla an Chontae ar ar fhreastail 216 ball foirne
- Chabhraigh Comhpháirtíocht leis an Oifig Cumarsáide chun tabhairt isteach córas nua sms/téics do bhaill foirne lonnaithe in iosta a reáchtáil ar bhonn píolótach
- Leasaíodh an Scéim Coigiltis Nollag, leanadh leis go han-rathúil agus méadaíodh an bhallraíocht, agus tugadh breis is €250,000 amach
- Chabhraigh Comhpháirtíocht le hAcmhainní Daonna trí Ghrúpa nua athchruthaithe Teagmhálaithe Ainmnithe um Dhínit & Meas a chur chun cinn agus a chur le chéile
- Féilire Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2019



Seoladh an tsinidh a cuireadh le huaireanta oscailte Pháirc & Gairdíní Chnoc na Raithní, An Comhairleoir Ossian Smyth (Cathaoirleach ó Mheitheamh 2018 go 2019), Philomena Poole, Príomhfheidhmeannach, agus Ruairí Ó Dúlaing

An tSeirbhís Ailtireachta



Rinneadh **50** áit chónaithe nua a sheachadadh i bPáirc Mhic Gearailt

Coinníodh na hAonaid Sciath-Tithíochta **21** ag Ard an Átha Leathain

Gradaim RIAI 2019, Plás Sheirse

Comhairle na hÉireann um Tithíocht Shóisialta 2019, Tithíocht Phlás Sheirse, Buaiteoir

Gradaim RIAI 2019, Sráidbhaile Bhaile na Manach, Moladh, Spás Poiblí is Fearr



Gradaim na hEorpa do Thithíocht Shóisialta 2019, Tithíocht Phlás Sheirse, Babhta Ceannais

Construction Excellence Awards 2019, Tithíocht Phlás Sheirse, Buaiteoir

Gradaim RIAI 2019, Ionad Seanóirí agus Pobail an Naigín, Ardmholadh

Feidhmíocht Fuinnimh



32.4% níos fearr



ATHDHEIMHNITHE
AG ISO 5000 1:2018
ECAIGHDEÁN IDIRNÁISIÚNTAAN CHÓRAS BAINISTÍOCHTA FUINNIMH.



BHAIN DÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN AN CHÉAD ÁIT SA CHATAGÓIR CEANNAIREACHT SAN EARNÁIL PHOIBLÍ AG GRADAIM FUINNIMH ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN (SEAD)



Ba é **IONAD POBAIL** agus **SEANÓIRÍ** an Naigín an chéad Fhoirgneamh poiblí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a bhain amach an **CAIGHDEÁN** nua **NZEB**



D'fhreastail **350** duine ar 'Fóram Domhanda nZEB'

Soláthraíonn an tSeirbhís Ailtireachta réimse leathan seirbhísí a fheabhsaíonn caighdeán na beatha atá ag gach duine sa chontae. Cuimsíonn na seirbhísí sin tacaíocht a thabhairt do thógáil thionscadal tithíochta sóisialta, oiriúnuithe tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas, tionscadal tithíochta sibhialta agus áineasa, chomh maith le tionscadail dearaidh uirbhig agus ríochta poiblí a sheachadadh dár Ranna cliaint.

Tá an Roinn freagrach freisin as déileáil le struchtúir agus áiteanna contúirteacha sa chontae faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), chomh maith le ceisteanna a mbaineann le Caomhnú struchtúr agus áiteanna cónaithe cosanta i Limistéir Caomhantais Ailtireachta faoi Chuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

Is í an Roinn atá taobh thiar den chlár oibre Fuinnimh sa chontae freisin i réimsí éagsúla - deontais fuinnimh a lorg d'áiteanna cónaithe atá tíosach ar fhuinneamh, monatóireacht agus feabhsú fhoirgnimh, feithiclí agus soilsiú poiblí na Comhairle féin tríd an gCóras Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001.

I measc na bhfeidhmeanna tábhachtacha eile a chuireann an Roinn ar fáil, tá suirbhéireacht chainníochta, fáil agus comhairle theicniúil a thabhairt dár Ranna cliaint.

Tithíocht

Rinneadh an chéim dheireanach de thógáil 50 áit chónaithe nua i bPáirc Mhic Gearailt a thabhairt chun críche le hathfhorbairt chuimsitheach Mountwood/Páirc Mhic Gearailt, athfhorbairt a thosaigh fiche bliain ó shin. Cuimsíonn an chéim is déanaí seo 10 n-áit chónaithe aonair de mhéideanna éagsúla. Tá 18 dteach trí sheomra, 23 áit chónaithe seomra amháin, agus meascán aonad 2 agus 4 sheomra ann. Tá rátáil A3 ag na haonaid ar fad.

Tá na 21 aonad sciath-thithíochta ag Ard an Átha Leathain, Baile an tSaoir fós ann. Rinneadh naoi 'dteach folmha' a uasghrádú agus síneadh a chur leo chun go mbeadh siad ag cloí leis na caighdeáin rialacháin foirgníochta reatha agus gur féidir iad a athléasú.

Cuireadh i bhfeidhm nós imeachta píolótach chun éifeachtúlacht fuinnimh áit chónaithe den chineál 'maisonette' a uasghrádú ag Radharc an Ghleanntáin, an Baile Breac, chun an rátáil RFF a ardú ó G go B2. Chomh maith leis sin, rinneadh 12 aonad a leithdháileadh go luath in 2019 ag Cúirt Moyola, Baile an Teampaill tar éis uasghráduithe móra fuinnimh a chur i bhfeidhm orthu.



Tithíocht Shóisialta Pháirc Mhic Gearailt

In 2019, dhear an Roinn Ailtireachta, agus fuarthas cead pleanála Cuid VIII do, 52 árasán mar mheascán árasán seomra amháin agus árasán dhá sheomra agus 67 teach ag Cúirt Bhaile Uí Ógáin. Ina theannta sin, fuarthas cead pleanála Cuid VIII do 13 áit chónaithe ag Céide Bhaile na Creige, Carraig Mhaighin. Tá ullmhú an phróisis tairisceana do na haonaid seo, lena n-úsáidfear mearphróiseas seachadta, ar bun faoi láthair.

I rith 2019, rinneadh dul chun cinn suntasach freisin ar dhearadh agus ar fhorbairt na tithíochta agus Caisleán Sheangánaí sa tSeanchill, agus ag an am céanna leanadh ar aghaidh le forbairtí inlíonta níos lú ar fud an chontae agus rinneadh 89 aonad a chur ar aghaidh go dtí an chéim dearaidh ag Páirc Lorcáin, Stigh Lorgan.

Mionoibreacha

Cuireann an Rannóg Mionoibreacha réimse leathan tionscadal i gcrích faoin Scéim Oiriúnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas.

I rith 2019, rinneadh 87 tionscadal san iomlán a chur i gcrích:

- Suiteáladh 61 uasghrádú seomra folctha
- Suiteáladh 4 rampa oiriúnach do chathaoir rothaí
- Cuireadh i gcrích 22 tionscadal ilchineálacha (is iad sin mionathruithe ar chistiní, tionscadail chun doirse a leathnú, mionleasú ar chosáin, srl.)

Rinneadh 30 tionscadal sa bhreis a chur i gcrích i gcomhar leis an Roinn Tithíochta:

- 10 suiteáil Ghreimráille
- 20 suiteáil Cathaoireach staighre

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

In 2019, fuair Dún Laoghaire-Ráth an Dúin na Gradaim seo a leanas:

- Gradaim Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) 2019, Tithíocht Phlás Sheoirse, Buaiteoir, Tithíocht is Fearr



Ag seoladh an bhinse chliste grianchumhachtaithe, tá an Comhairleoir Shay Brennan, Cathaoirleach, le Philomena Poole, Príomhfheidhmeannach, Conor Battigan agus Sheila Moore ó Cheantar Gnó Áth an Ghainimh.

- Gradaim RIAI 2019, Tithíocht Phlás Sheoirse, Buaiteoir, Forbairt Inbhuanaithe is Fearr
- Gradaim na hEorpa do Thithíocht Shóisialta 2019, Tithíocht Phlás Sheoirse, An Babhta Ceannais
- Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta 2019, Tithíocht Phlás Sheoirse, Buaiteoir
- Construction Excellence Awards 2019, Tithíocht Phlás Sheoirse, Buaiteoir
- Gradaim RIAI 2019, roghnaíodh Tithíocht Bhóthar an Teampaill don taispeántas.
- Gradaim RIAI 2019, roghnaíodh Tithíocht na nDriseog don taispeántas.

Rinneadh Céim 2 de Theach Bhaile an Róistigh, An Naigín a chur ar taispeánt i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil agus d'fhoilsigh Comhairle Ailtreachta na hEorpa í mar cheann de '20 Tionscadal Ailtreachta in aghaidh an Athraithe Aeráide'.

Tá Céim 2 de Theach Bhaile an Róistigh le feiceáil in 'EnerPHit: A Step by Step Guide to Low Energy Retrofit' a d'fhoilsigh an Royal Institute of British Architects.

Tá Céim 2 de Theach Bhaile an Róistigh le feiceáil san Irish Architecture Annual Review a fhoilsíonn an RIAI.

Dearadh Uirbeach & An Ríocht Phoiblí

Mar chuid den athbheochan uirbeach atá ag tarlú i lár bhaile Dhún Laoghaire, tá uasghráduithe ríochta poiblí á gcur i gcrích ar Shráid Sheoirse.

Cuireadh tús le hoibreacha uasghrádaithe suntasacha in aice le Leabharlann dlr Lexlcon ag Ardán Haigh, Dún Laoghaire, ag deireadh 2019.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Gradaim RIAI 2019, Sráidbhaile Bhaile na Manach, Moladh, Spás Poiblí is Fearr

Foirgnimh Shibhialta

Tar é ceadúnais phleanála Cuid VII a fháil, ullmhaíodh líníochtaí tairisceana do Chréamatóiriam nua agus na hoibreacha a bhaineann leis ag Seangánach. Lean an obair thógála ag Folcadáin Dhún Laoghaire ar aghaidh agus táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích an tionscadal seo, ar infheistíocht phoiblí mhór é, ag deireadh 2020.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Gradaim RIAI 2019, Ionad Seanóirí agus Pobail An Naigín, Ardmholadh

Gradaim RIAI 2019, roghnaíodh Clós Mharlay don taispeántas

Gradaim RIAI 2019, roghnaíodh 'Framed Views' de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin don taispeántas

Caomhnú na hOidhreachta Tógtha

Cuireann an Rannóg Chaomhantais i bhfeidhm Cuid IV (Oidhrecht Thógtha) an Achta Pleanála agus Forbartha, 2000, agus tugann sí comhairle don phobal agus dá ngníomhairí faoi gach gné den oidhrecht thógtha. Lean an fhoireann ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do Roinn Pleanála trí Bhainistíocht Forbartha agus Phleanáil Chun Cinn.

Rialú Forbartha:

Iarratais Phleanála (lena n-áirítear Breis Eolais & tuairiscí gaolmhara)	Dearbhuithe Cuid 5	Dearbhuithe Cuid 57	Seisiúin chomhairliúcháin réamh-phleanála
349	38	6	95

Deontais Chaomhantais:

Riarann an rannóg seo Scéimeanna Deontais Chaomhantais na Roinne Cultúir, Oidhrecht & Gaeltachta ar son na Comhairle Contae.

An Scéim Infheistíochta um Oidhrecht Thógtha 2019 (BHIS) - leithdháil an Roinn Cultúir, Oidhrecht & Gaeltachta €79,000 ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Líon na dtionscadal a fuair maoiniú	Méid na gcistí gearáilte go príobháideach a chaith na hiarrthóirí	Líon na laethanta fostaíochta a cruthaíodh (1 lá = 8 n-uair an chloig)
12	€151,395	456

Ciste na Struchtúr Stairiúil 2019 (HSF) - bhronn an Roinn Cultúir, Oidhrecht & Gaeltachta €91,000 ar thrí thionscadal.

Líon na dtionscadal a fuair maoiniú	Líon na gcistí gearáilte go príobháideach a chaith na hiarrthóirí	Líon na laethanta fostaíochta a cruthaíodh (1 lá = 8 n-uair an chloig)
3	€163,262	521

Bainistíocht Fuinnimh (Féach Aguisín 1)

Is é Ailtire an Chontae an tOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh ainmnithe do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Bainistíonn Roinn na nAiltirí an Fhoireann Fuinnimh thras-rannach, cuireann sí feabhsú 33% na feidhmíochta fuinnimh faoi dheireadh 2020 chun cinn agus comhordaíonn sí an Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO50001, arb ionann a scóip agus an úsáid fuinnimh atá faoi rialú Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is iad an Roinn Bardasach (soilsiú poiblí, flit), an Roinn Pobail agus an Roinn Gnóthaí Corparáideacha is mó a úsáideann fuinmeamh.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

D'fheabhsaigh Dún Laoghaire-Ráth an Dúinn a feidhmíocht fuinnimh faoi 32.4% i gcomparáid le sonraí na bliana 2018, agus í ag dul i dtreo an sprioc 33% faoi 2020.

Bhain Dún Laoghaire-Ráth an Dúin an chéad áit sa chatagóir Ceannaireacht san Earnáil Phoiblí ag Gradaim Fuinnimh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) 2019.

Rinneadh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a athdheimhiú chuig caighdeán idirnáisiúnta an Chórais Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001:2018.

D'fhreastail 330 ailtire agus gairmí foirgníochta ar Fhóram Domhanda NZEB 'Climate Action through nearly Zero Energy Buildings' i nDún Laoghaire-Ráth Dúin thar dhá lá i Samhain 2019. Bhí cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta i láthair ag an gcomhdháil, agus cuireadh taispeántais agus ceardlanna faoi tháirgí agus tionscadail ísealfhuinnimh ar siúl.

D'fhreastail 200 duine ar an seimineár 'Feabhsuithe Fuinnimh Baile' ag Leabharlann dlr Lexlcon i nDeireadh Fómhair, mar chuid den Fhéile Ailtireachta 'Open House Dublin'.

Nithe Ilchineálacha

Struchtúir Chontúirteacha

Déanann Roinn na nAiltirí an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) i bfeidhm i ndáil le Struchtúir & Áiteanna Contúirteacha. Tuairiscíodh 63 cás san iomlán agus rinneadh iniúchadh orthu. Den 63 cás sin, measadh go raibh 13 díobh contúirteach, 36 díobh a d'fhéadfadh a bheith contúirteach agus nach raibh aon chontúirt ag baint le 14 díobh.

Open House

Ritheadh Open House Dublin 2019, ceiliúradh bliantúil saor in aisce den ailtireacht is fearr i mBaile Átha Cliath, ón 11-13 Deireadh Fómhair.

Éire Ildánach

Tacaíonn an Roinn Ailtireachta le comhoibriú agus cumasaíonn sí comhfhorbairt áite chruthaiteach ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Seachadadh 'dlr framed views' i gCoillte Ráth Michíl, Contae Bhaile Átha Cliath, faoin gclár Éire Ildánach agus Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2018-2022.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

D'fhreastail 1,100 duine ar thurais treoraithe ar fhoirgnimh sa chontae mar chuid d'fhéile ailtireachta Open House Dublin i nDeireadh Fómhair. I measc na ngníomhaíochtaí eile a eagraíodh, bhí Siúlóid Sléibhe Chnoc na Raithní, turais treoraithe ag Club Luamhaireachta Ríoga Naomh Seirse agus an cheardlann 'Samhlaigh d'Áit Súgartha Ídealach' do pháistí. Eagraíodh an cheardlann 'Ailtireacht i Scoileanna' ag Halla an Chontae faoin téama dearadh uilíoch agus inbhuanaithe mar chuid den tSeachtain um Ionchuisiú Sóisialta agus imeachtaí Open House.

Seoladh an seomra folctha 'Changing Places' i gClós Mharlaí. Tá go leor gnéithe agus trealaimh bhreise aige agus tá sé níos inrochtana agus compórdaí ná seomraí folctha caighdeánacha dá bharr.



Agus greim láimhe acu ar Athdheimniú an chaighdeáin nua ISO 50001:2018 do Chórais Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle, feictear an Comhairleoir Shay Brennan, Cathaoirleach, agus Andréa Dargan, Ailtire an Chontae

Forbairt Pobail & Chultúir

Bronnadh **235** Deontas Pobail ar Luach **€221,001.41**

FUAIR **75** GRÚPA POBAIL GRADAIM
POBAIL & DEONACHA



D'eagraigh Féile
Ionchuimsithe Dhún
Laoghaire-Ráth an Dúin

100

imeacht ar Fhreastail

4,500


duine orthu



D'fhreastail **2,000** duine
ar Age Well Expo Dhún Laoghaire-
Ráth an Dúin

COMHAIRLE NA NÓG DHÚN
LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN -
CGB LE DAOINE ÓGA

126



Bronnadh maoiniú deontais **€163,888** ar Ghrúpaí Pobail



LEABHARLANNA

2,759 IMEACHT

1,135,426 EARRA TÓGTHA AR IASACHT

1,102,912 CUAIRT

57

Deontas
Bronntad'Eal-
aíontóirí

GLÚIN AN CHEOIL An Clár Luathbhlianta - Ghlac **563** leabhbh ann

Ghlac **2,492** dalta bunscoile páirt ann

35 Ceoltóir

Tá réimse de phríomhsheirbhísí mar chuid den Roinn, lena n-áirítear na hEalaíona; an tSeirbhís Leabharlainne; Forbairt an Phobail agus Ionchuimsiú Sóisialta. Tá na seirbhísí sin dírithe ar thacú le forbairt pobail agus caighdeán na mbeatha agus an fholláine a a chur ar aghaidh ar mhaithe le cách.

Forbairt an Phobail

Chuir foireann Fhorbairt an Phobail réimse cuimsitheach tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil chun tacú le forbairt pobail agus an t-ionchuimsiú sóisialta chomh maith le caidreamh an phobail, rannpháirtíocht, obair dheonach agus saoránacht ghníomhach in 2019.

Cuireadh seirbhís fhairsting chomhairleach ar fáil do bhreis is sé céad grúpa agus eagraíochtaí pobail agus deonacha.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Bronnadh 235 Deontas pobail. Luach iomlán na ndeontas a bronnadh ná €221,001.41

Fuair 75 Grúpa Pobail gradaim sna Gradaim Phobail & Dheonacha. Aithníodh obair 54 Oibrí Deonach freisin.

Ainmníodh 4 ghrúpa don chomórtas Mórtais Ceantair. Bronnadh gradam speisialta ar an Músaem Muirí as “léiriú den scoth ar oidhreacht a bhfuil an-tábhacht ag baint leis agus suim idirnáisiúnta inti”. Bronnadh gradam dara háit ar Fhóram Bainistithe Eastáit Fhearann na Cluana Pháirc Mhic Gearailt.

Ghlac 101 rannpháirtí páirt i scéimeanna Fostaíochta Pobail dlr. An meánráta dul chun cinn go dtí an fhostaíocht nó an oideachas do 2019 ná 62% ar fud na scéimeanna.

Clár Bainistíochta Eastát - gradaim i gcomórtas na gCeantar Slachtmhar:

Bainistiú Eastáit Fhoirgnimh Ghlas Tuathail (Buaiteoir),

Fóram Bainistithe Eastáit Chill an Chroisire (Dara háit) An Ceantar Bainistíochta Eastáit is Fearr (5 - 250 áitreabh)

Bainistiú Eastáit Baile Uí Lachnáin (Buaiteoir),

Fóram Bainistithe Eastáit Ráth Salach/Sheangánaí/Clifton (Dara háit) An Ceantar Bainistíochta Eastáit is Fearr (251 áitreabh nó níos mó)

Cuireadh síntí le hIonad Pobail & Seanóirí an Naigín agus le Teach Pháirc Sheangánaí i gcrích in 2019. Críochnaíodh Seomra Pobail Chnocán na Rós.

Forbairt agus Ionchuimsiú Sóisialta

Tá sé d’aidhm ag an Aonad um Ionchuimsiú Sóisialta feasacht a ardú agus cuspóirí um Ionchuimsiú Sóisialta a chur chun cinn laistigh de Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Comhoibríonn sé le gach Ranna Comhairle chun éiteas an ionchuimsithe shóisialta a leabú i ngach próiseas cinnteoireachta agus déanta beartas. Cuireann an tAonad um Ionchuimsiú Sóisialta tacaíocht ar fáil d’eagraíochtaí áitiúla pobail a oibríonn le pobail imeallaithe nó le pobail leochaileacha.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Féile an Ionchuimsithe dlr leis an téama “Ag Ceiliúradh na nGlúnta” – níos mó ná 100 imeacht, freastal measta de 4,500 duine

Big Hello/Deireadh Seachtaine Náisiúnta Pobail - bronnadh deontais ar 27 grúpa le haghaidh imeachtaí áitiúla

Reachtáladh Féasta Sráide mar chuid den Deireadh Seachtaine Náisiúnta Pobail – 62 féasta sa Chontae

Tacaíodh le Fóram Imeasctha dlr chun leabhrán faisnéise a fhoilsiú ar vóta a chaitheamh sna toghcháin áitiúla



D’oscail Ionad Pobail agus Seanóirí an Naigín go hoifigiúil ar an 14 Bealtaine 2019

Clár a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Shínigh dlr Dearbhú na hEagraíochta Dhomhanda Sláinte ar Chathracha agus Contaetha Aoisbhácha i Meitheamh 2013. Bhí dlr ar cheann de na 31 Údarás Áitiúil a fuair a dteastais chleamhnachta le Líonra Domhanda Cathracha & Pobail Aoisbhácha EDS i Nollaig 2019.

Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin tiomanta do bheith ina Chontae Aoisbhách agus tá réimse leathan tionscnamh ar bun chun tacú leis sin, amhail an chéad Aonach dlr um Aosú Folláin a óstáil.

Tá Cairt Aoisbhá bronnta ar gach leabharlann dlr ag Aoisbhá Éireann.

D'fhoilsigh dlr Straitéis Aoisbhá 2016 – 2020 agus chuir raon leathan daoine aonair príobháideacha agus soláthraithe seirbhíse leis an Straitéis.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Tionóladh Aonach dlr um Aosú Folláin i bPailliún Bhaile na Lobhar ar an 9 Meitheamh. Cuireadh seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil do dhaoine breacaosta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ar taispeánt ag an imeacht. Meastar gur fhreastail 2,000 duine air.

Oíche Siamsaíochta Bhealtaine Líonra dlr na nDaoine Breacaosta in Amharclann an Mhuilinn ar an 21 Bealtaine. D'fhreastail 200 ball den Líonra ar an oíche

A Window to My World, Tionscadal Leabhar Idirghlúine i gcomhar le Líonra dlr na nDaoine Breacaosta agus IADT, a foilsíodh i nDeireadh Fómhair

Deontais Phobail Aoisbhá. Bronnadh €30,800 ar 11 tionscadal

Comhairle na nÓg

Tionóladh CGB Chomhairle na nÓg dlr ar an 14 Samhain agus d'fhreastail 126 duine óg air ó 20 meánscoil ar fud an Chontae. D'oibrigh Comhairle na nÓg ar ábhar an Bhrú Piarghrúpa le linn 2019 agus d'fhorbair sí póstaer agus cártaí poist a scaipeadh



An Compántas Amharclannaíochta Carpet Theatre le linn a léirithe de 'Search' don Oíche Chultúir.

ar na meánscoileanna, na grúpaí óga agus na leabharlanna go léir sa Chontae. Ar na comhairliúcháin inar ghlac comhaltaí den Chomhairle páirt le linn 2019, glacadh páirt i gCoiste dlr um Sheirbhísí do Leanáí agus Daoine Óga, i bhforbairt Phlean Corparáideach dlr 2020 – 2024 agus in athchóiriú ar Oideachas Caidreamh agus Gnéis i Scoileanna arna eagrú ag an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige.

CFPÁ

Tá naonúr comhaltaí déag ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) dlr, ar Coiste é de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus tá ceathrar Comhairleoirí i measc na gcomhaltaí. An príomhról atá aige ná cur chuige comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm maidir leis an bhforbairt áitiúil agus pobail sa Chontae.

Bhí seacht gcrúinniú ag CFPÁ dlr agus roinnt cruinnithe foghrúpa in 2019. Reáchtáil sé ceardlann amháin freisin chun tacú le cur



Coimisinéir an Gharda Síochána, an tUasal Drew Harris ag déanamh cur i láthair ag cruinniú den Chomhchoiste Póilneachta

in bhfeidhm cuspóirí pobail i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail dlr agus chun dul chun cinn a dhéanamh orthu.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Rinneadh monatóireacht ar chur i bhfeidhm an chlár SICAP i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin trí chonradh le Southside Partnership (cuideachta faoi theorainn ráthaíochta) ar luach €934,490.
- Tacaíodh le cur i bhfeidhm na ngníomhartha pobail i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail dlr 2016 – 2021 agus rinneadh monatóireacht ar a gcur i bhfeidhm.
- Tacaíodh le forbairt leanúnach LRP dlr, ag a raibh 570 grúpa cláraithe ag deireadh 2019, ar méadú 15% é ar 2018.
- Rinne €163,888 de mhaoiniú deontais a thabhairt do ghrúpaí pobail in dlr, chun tacú le hoibreacha caipitil ar scála beag le 42 deontas agus chun cabhrú le 27 grúpa pobail teagmháil a dhéanamh le 2,500 saoránach ag imeachtaí Big Hello i mBealtaine 2019.
- Tacaíodh le forbairt agus seoladh an Phlean um Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Sláintiúil 2019-2022.
- Cuireadh tionscail Babhta 2 arna maoiniú ag Éire Shláintiúil i gcrích.

CCP/FÁP

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta (CCP) Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin in 2009 agus is comhpháirtíocht é idir Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, An Garda Síochána agus an Pobal. Ar na comhaltaí de, tá Oifigigh Shinsearach de chuid an Gharda Síochána, Comhairleoirí tofa agus Comhaltaí den Oireachtas agus ionadaithe ó ghrúpaí pobail & deonacha.



Tá CCP dlr ceaptha le bheith ina fóram plé agus ina bhealach chun muinín, iontaobh agus sábháilteacht a thógáil sa Chontae.

Tá trí Fóram Áitiúla Póilíneachta ar bun sa Chontae faoi choimirce an CCP. Is iad sin:

1. Baile Uí Lachnáin/Seanchill, & An Baile Breac
2. Áth an Ghainimh/na Céime
3. Dún Laoghaire Láir

Is é ról na bhFóram Póilíneachta sin ná feabhas a chur ar an gcomhar agus an chumarsáid idir An Garda Síochána, an Chomhairle Contae, na príomhchomhlachtaí lompair agus Cumainn agus eagraíochtaí Cónaitheoirí Áitiúla.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Bhí ceithre Chruinniú coiste agus aon chruinniú poiblí amháin ag an CCP in 2019. Thacaigh an Coiste le tionscnaimh chun tacú le cosc ar chuireanna sa Chontae agus é a chur chun cinn, chun an tsábháilteacht agus an tslándáil sa phobal a fheabhsú agus chun an teagmháil agus an comhar leis an bpobal a fheabhsú.

Bhí sé chruinniú ag gach FÁP le linn na bliana, chomh maith le haon chruinniú poiblí amháin.

Seirbhísí Leabharlainne

Is é misean Leabharlainne dlr 'daoine a nascadh agus a chumasú, smaointe a spreagadh agus tacú le hacmhainneacht an phobail. Tá ocht leabharlann brainse sa chontae; is iad sin na leabharlanna sa Charraig Dhubh, sa Chábán tSile, i nGráinseach an Déin, i nDeilginis, i nDún Droma, i Stigh Lorgan, i Seanchill agus an príomhleabharlann Lexicon. Freastalaíonn siad ar riachtanais foghlama agus áineasa na ndaoine ar fad a chónaíonn, a oibríonn nó a dhéanann staidéar i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, chun tacú leis an ionchuimsiú sóisialta, leis an éagsúlacht agus leis an rochtain do chách. Tá an tseirbhís saibhir ó thaobh na teicneolaíochta de agus eagraíonn sí clár fairsing freagrúil imeachtaí, a eagraítear go háitiúil, agus cuireann sí tionscnaimh náisiúnta, Ceart chun Léimh agus Éire Shláintiúil san áireamh, i bhfeidhm chomh maith.

Tá Leabharlainne dlr ina moil lárnaigh agus ina n-áiteanna cruinnithe don phobal, agus bíonn siad ar oscailt 382 uair in aghaidh na seachtaine, a fhágann go bhfuil ceann de na sceidil rochtana is fairsinge ar fhoirgnimh leabharlann poiblí in Éirinn acu, uaireanta My Open Library san áireamh.

Maidir le Deich mBliana na gCuimhneachán, tugadh aird ar leith ar an bhfoilseachán agus an léiriú Divine Illumination le David Gunning, Nigel Curtin agus Marian Thérèse Keyes. Bhí páirt ag comhpháirtithe ón NGI, ó Chartlanna na nDoiminiceach agus ón Oifig Oidhreacht sa tionscadal sin. Rinneadh freastal an-mhaith ar an gclár imeachtaí, seimineár, turas agus cainteanna a bhain leis agus glacadh go han-maith leo.

clann Theresa Nanigian

21 Sept – 17 Nov 2019

Municipal Gallery, dlr Lexicon
Haigh Terrace, Moran Park
Dún Laoghaire, Co. Dublin

Explore the artwork through workshops, talks and special events. Booking essential.

Further information:
www.dlrlexicon.ie/arts
EMAIL: arts@dlrlexicon.ie
TEL: (01) 236 2759

Opening Hours:
Monday–Thursday 10am–4pm
Friday & Saturday 10am–5pm
Sunday 12 noon–4pm
Closed 26–28 October



Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Cuairteanna My Open Library (Gráinseach an Déin) in 2019: 21,012
- Cuairteanna (líon na gcuairteoirí) ar leabharlanna in 2019: 1,102,912
- Earraí fisiciúla a tógadh ar iasacht in 2019: 1,135,426
- Tháinig méadú 82% ar líon na n-earraí digiteacha a tógadh ar iasacht i gcomparáid le 2018
- Cuairteanna (líon na gcuairteoirí) ar Lexlcon in 2019: 540,441
- Reáchtáladh 2,759 imeacht in 2019.
- Instagram: Méadú 38% ar líon na leantóirí le linn 2019
- Ríomhbhullaitín: Méadú 18% ar líon na síntiúsóirí le linn 2019

Clár na nEalaíon

Creideann an Chomhairle gur seirbhís thábhachtach iad na healaíona a chuireann le caighdeán na beatha dóibh siúd atá ina gcónaí sa Chontae, a oibríonn ann agus a dtugann cuairt air. Táimid an-bhródúil as an gcáil atá orainn mar áit thacúil do na healaíona agus creidimid ina luach bunúsach agus ina rannchuidiú rithábhachtach le folláine agus caighdeán beatha an Chontae.

Coimisiúnaíonn Oifig Ealaíon na Comhairle réimse corraitheach féilte, taifeántas, cónaitheachtaí ealaíontóirí, tionscadail scoile, tionscnaimh ealaíona agus sláinte agus clár ealaíne poiblí, agus cuireann sí tacaíocht ar fáil dóibh, chun borradh a chur faoi fhorbairt na n-ealaíon áitiúil agus an fhorbairt a chothú.

Is onóir dúinn The Grainstore sa Chábán tSíle a bhainistiú, fóirdheontas bliantúil a chur ar fáil le tacú le hobair Amharclann an Phaillíúin, Amharclann Damhsa na hÉireann agus Amharclann an Mhuilinn dlr agus tacú le healaíontóirí aonair agus eagraíochtaí ealaíona ach deontais bhliantúil Ealaíona dlr a chur ar fáil.

Bainistiú Oifig na nEalaíon clár cultúir Lexlcon dlr i gcomhar le leabharlanna dlr, eagraíonn sí clár Ghailearaí Cathartha an

Chontae agus déanann sí cúram de Bhailiúchán Ealaíne an Chontae ina bhfuil níos mó ná 130 saothar ealaíne agus dealbh poiblí.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

57 Deontas chun tacú le healaíontóirí aonair agus eagraíochtaí chun na healaíona a fhorbairt in dlr

5 thaispeántas arna n-óstáil sa Ghailearaí Cathartha, Lexlcon dlr, ar ar fhreastail 32,749 cuairteoir

1,911 rannpháirtí in Exit 15, tionscadal ealaíne trí bliana faoi stiúir an phobail i mBaile Uí Ógáin, a mheall lucht féachana de 7,079 duine.

€373,000 bronnta chun tacú le hobair Amharclann an Phaillíúin, Amharclann an Mhuilinn dlr agus Amharclann Damhsa na hÉireann.

Glúin an Cheoil

Is é Glúin an Cheoil Clár Náisiúnta Oideachais Ceoil na hÉireann a athraíonn saolta leanaí agus daoine óga ón mbonn trí rochtain a thabhairt dóibh ar oideachas ardchaighdeán um léiriú ceoil ina gceantar áitiúil. Tríd an gcomhoibriú, cuirtear bealaí saibhre agus éagsúla ar fáil dóibh siúd a ghlacann páirt ann tabhairt faoi theagasc gutha agus uirlisí arna dtabhairt ag ceoltóirí oilte gairmiúla, ar fud na seánraí agus na stíleanna ceoil ar fad. Reáchtáilann Glúin an Cheoil dlr clár éagsúla d'aoiseanna 0-18.

In 2019, fuair Glúin an Cheoil dlr maoiniú deontais Google maidir le Teicneolaíocht Ceoil le haghaidh Riachtanais Speisialta Oideachais bunaithe ar thogra a chuir an tOifigeach Forbartha Ceoil isteach.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

An Clár Luathbhlianta - ghlac 563 leanbh páirt ann.

An Clár Bunscoile - ghlac 2,492 leanaí páirt.

Chuir 35 Ceoltóir ar fud 5 Scoil Cheoil an clár ar fáil.



Glúin an Cheoil

Airgeadas & Forbairt Gheilleagrach

Ioncam ó Rátaí 2019  26% den Ioncam Iomlán

Buiséad Ioncaim
 €184 milliún



€200 milliún 
Íocaíochtaí próiseáilte
ag Cuntais Iníochta


OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL & FORBAIRT GHEILLEAGRACH


139 Deontas
Faofa



€1,078,709
Cistiú curtha ar Fáil

Glanghnóthachan 140 post



69 
DEARBHÁN TRÁDÁLA
AR LÍNE FAOFA

€100,000

Deontas Cur Chun Cinn
Gnó Faofa



€65,000 
Bronntaar 6 Ghnó
Áitiúla (comórtas IBYE)

22



Tionónta Tobshiopa

 **GHLAC OS
CIONN 1,565**
Duine páirt i gcúrsaí Oiliúna

Airgeadas:

Cuireann an Roinn Airgeadais réimse leathan seirbhísí airgeadais ar fáil agus tá sé freagrach as maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle. Tagann ullmhú agus athbhreithniú na gClár um Riosca Corparáideach agus Roinne faoi chúram na Roinne Airgeadais freisin.

I measc an réimse seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil, tá na seirbhísí seo a leanas:

- Rialú Airgeadais, Bainistiú Sreabhaidh Airgid & Cisteáin
- Ullmhú an Dréachtbhuiséid Bhliantúil agus rialú buiséid
- Ullmhú an Ráitis Bhliantúil Airgeadais
- Riar an Mhórléabhar Ghinearálta & na bPríomhchóras Airgeadais
- Riar an Phárolla
- Billeáil & Bailiú Rátaí Tráchtála
- Bailiú Riaráistí le haghaidh Táillí Dramhaíola Comhshaoil
- Billeáil & Bailiú Tobhach an Cheantair Feabhsú Gnó (thar ceann Cuideachta Ceantair Feabhsú Gnó)
- Íoc Cuntas
- Riar Árachais agus Éileamh
- Fáltais ioncaim
- Riar & Bailiú Riaráistí Táille ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha
- Maoirseacht ar athbhreithniú leanúnach ar straitéis/clár bainistíochta riosca.

Cintíonn an Roinn freisin go gcloítear le prionsabail reachtacha agus airgeadais a bhaineann leis an airgead go léir a íocann an Chomhairle, nó a íoctar leis an gComhairle.

Rannóga	Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil
Párolla & Árachais	Riar íocaíochta le haghaidh Tuarastal, Pinsean, Pá, Comhairleoirí, Taistil & Cothaithe. Árachais - Bainistiú/Riar polasaithe agus éileamh thar ceann na Comhairle
Rátaí	Bainistiú agus bailiú ioncam Rátaí agus riaráistí isteach. Bainistiú Tobhach Réadmhaoine na Bliana Iontrála.
Dramhaíl, agus Táille ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)	Bainistiú agus bailiú riaráistí táillí dramhaíola. Próiseáil deimhnithe díolúine agus urscaoilte na Táille ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha.
Rialú & Bailiú Fiachais	Bainistiú agus bailiú cuntas thar téarma (Rátaí, PEL, NPPR agus BIDS) Bainistiú pleananna íocaíochta Fritháirimh ó íocaíochtaí le soláthraithe, má bhíonn aon fhiachas dlite don Chomhairle.
Bainistíocht Airgeadais	Ullmhú an Bhuiséid Bhliantúil agus an Chlár Chaipítíl Trí Bliana, Ullmhú an Ráitis Bhliantúil Airgeadais. Rialú buiséid Bainistiú Cisteáin; Réiteach Bainc; Fáltais Ioncaim, Cothabháil Chlár na Sócmhainní, Aisíocaíochtaí lasachtaí, tuairisciú ad hoc.
Cuntais Iníochta	Íoc soláthraithe, Comhlíonadh cánach; Tuairisciú reachtach.
Bainistíocht Riosca	Ullmhú agus athbhreithniú ráithiúil na gClár um Riosca Corparáideach agus Roinne a éascú agus a chinntiú go bhfuil straitéisí maolaithe ailínithe leis na rioscaí a aithnítear iontu chun na hiarmhairtí riosca a laghdú.



An Dr Martin O'Reilly, Comhbhunaitheoir agus POF Output Sports, Buaiteoir sa Chatagóir Smaoineamh Gnó is Fearr ag Babhta Ceannais IBYE (Fiontraí Óg Uile-Éireann na Bliana), le Heather Humphreys, T.D., an tAire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta, agus Owen Laverty, Ceann Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Ioncam ó Rátaí in 2019 = 26% d'ioncam lomlán na Comhairle
- Buiséad Ioncaim = €184 milliún
- €200 milliún = Íocaíochtaí próiseáilte ag Cuntais Iníochta

Oifig Fiontair Áitiúil

Is í Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (OFA dlr) an chéad áit ar a dtugann daoine a bhíonn ag cuardach comhairle, faisnéise agus tacaíochta cuairt agus iad ag tosú gnó nó ag cur le gnó. Ar na seirbhísí a sholáthraítear, tá comhairle agus meantóireacht gnó, oiliúint, tacaíocht airgeadais, deiseanna líonraithe, cláir bhainistíochta, tacaíocht maidir le hearnálacha agus dúshláin eacnamaíocha ar leith e.g. ceardlanna maidir leis an mBreathimeachta, cláir fiontair mac léinn (DianChampa STEM and clár Fiontair Mac Léinn), agus comórtais fiontair (e.g. An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn agus Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar).

Forbairt Gheilleagrach

Is é príomhról an Aonaid Forbartha Geilleagraí ná tacú leis an réimse leathan gnólachtaí sa réigiún, ag obair le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon chun é sin a dhéanamh.

Déanann sé beart maidir le straitéis gheilleagrach don réigiún agus maidir leis an PAEP, bíonn sé ag tacú le comhlachais áitiúla ghnó sa Chontae maidir lena n-íarrachtaí áitiúla tuilleadh custaiméirí a mhealladh agus gnólachtaí a fhás, bíonn sé ag obair le roinnt páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha chun tionscadail chomhforbartha áite a chur i gcrích, agus déanann sé Deontais na Scéime chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí, na Scéime um Úsáid Áitreabh Folamh, na dTobshiopaí agus um Chur Chun Cinn Gnó a reáchtáil.

Dírítear sa straitéis gheilleagrach ar thacú le cuideachtaí glacadh le modheolaíochtaí LEAN agus clár ceannaireachta LIFT Ireland a chur i bhfeidhm, ar an Uasoiliúint i réimse na Tuisceana Airgeadais agus ar chur leis na leibhéil Taighde agus Forbartha.

Príomhéachtaí OFÁ agus Geilleagrach in 2019

- Ceadaíodh 139 deontas san iomlán, agus bhí méideanna idir €500 agus €45,000 i gceist leis na deontais. Ba í an earnáil TFC (bogearraí go príomha) ba mhó a fuair tacaíocht, agus tugadh 57% den mhaoiniú di (€570,000).
- Cuireadh €1,078,709 i maoiniú ar fáil trí staidéar indéantachta, prímeáil gnó, leathnú gnó, cur chun cinn gnó agus tacaíocht réadmhaoine tráchtála.
- Ceadaíodh 139 deontas, lenar áiríodh 16 do Staidéir Indéantachta, 17 don Phrímeáil Gnó, 7 do Leathnú Gnó, 30 do mhargáíocht easpórtála agus 69 Dearbháin um Thrádáil ar Líne. Tacaíonn an maoiniú sin go díreach le 57 post áitiúil.
- Ceadaíodh 13 Deontas um Chur Chun Cinn Gnó freisin.
- In 2019, cruthaíodh 140 post glan i bpunann cliant na OFÁ, rud a léiríonn gur leanadh le fostaíocht inbhuanaithe a chruthú.
- Ceadaíodh 69 Dearbhán um Thrádáil ar Líne in 2019, ar luach €80,433 san iomlán, chun tacú le gnólachtaí áitiúla ar fud na bpríomhréimsí ar fad.
- Aistríodh 15 Chuideachta Cliant go Fiontraíocht Éireann mar chuid den Chonair Chun Cinn idirghníomhaireachta.
- Fuair 366 cliant 616 uair de mheantóireacht gnó, idir mheantóireacht duine le duine agus mheantóireacht i ngrúpaí.
- Bronnadh €65,000 ar sé ghnólacht áitiúla mar chuid de chomórtas An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn (IBYE), agus bhuaigh Output Sports, Comhlacht atá lonnaithe in UCED, Gradam Náisiúnta na Gnólachta Nuathionscanta is Fearr (seo an tríú bliain as a chéile a bhuaigh dlr gradam náisiúnta i gComórtas IBYE)
- Ghlac breis is 1,000 mac léinn ó 26 meánscoil páirt i gclár Fiontair Mac Léinn agus leanadh leis an gcomhar le UCED agus IADT, a leag béim ar an tiomantas don fhiontar ag an tríú leibhéal.
- D'fhreastail 519 duine ar 19 imeacht ar fud an Chontae, le linn Sheachtain na Fiontraíochta a bhí an-rathúil agus a reáchtáladh ón 4 – 8 Márta 2019.
- D'fhreastail níos mó ná 1,565 duine ar imeachtaí oiliúna agus líonraithe in 2019



Grúpa ar chuairt ó Nasc-chathair na Comhairle, Anglesey na Breataine Bige.



Ag fógairt buaiteoirí Laughlin den ghradam Forbairt Fiontair Shóisialta. Ó chlé go deas = Mary Ruane, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Conn Cleary, Stiúthóir IPB Insurance, Philomena Poole, Príomhfheidhmeannach, Patricia O'Flynn, Refill Ireland Project Ltd. agus Deirdre Mortell, POF, Social Innovation Fund Ireland

- Rinneadh urraíocht ar imeacht TEDx Dún Laoghaire.
- Bhain 22 gnólacht bheag ceirde agus taispeántas leas as an tobshiopa in 2019.
- Ceadaíodh €100,000 i nDeontas um Chur Chun Cinn Gnó
- Bronnadh €43,000 i ndeontas tacaíochta réadmhaoine tráchtála
- 22 Tionónta Tobshiopa
- Seoladh LIFT Ireland in dlr agus cuireadh acmhainní ar fáil dó
- Seoladh LEANDLR.ie agus cuireadh acmhainní ar fáil dó
- Bunaíodh Foireann Baile agus sainaitníodh roinnt tionscadal
- Rinneadh gach gnó in dlr a mhapáil
- Mar chuid den fheachtas náisiúnta "Taste the Island", d'fhorbair an Chomhairle féile nua a dhírigh ar bhia in dlr. Reáchtáladh Féile Féastaí Bhoird Fhada Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair.
- Le tacaíocht ó Fháilte Éireann, riaradh glaoch nua ar mhaoiniú deontais le haghaidh Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta in dlr. Rinneadh amhlaidh chun tacú le féilte agus imeachtaí a mheallann cuairteoirí ó thaobh amuigh den chontae.
- In 2019, chuir an Both Eolais do Thurasóirí ag Na Ráillí eolas ar fáil do 1,000 duine in aghaidh na míosa, ar an meán.
- Tháinig Líonra Soláthraithe Turasóireachta dlr le chéile faoi dhó in 2019 (Márta & Samhain) agus ghlac níos mó ná caoga soláthraí éagsúil páirt ann.

Turasóireacht

Tá réimse agus éagsúlacht leathan sócmhainní turasóireachta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá a shócmhainní sainiúla féin a bhfuil luach ar leith ag baint leo ann agus tá an-obair ar siúl cheana féin ar fud an chontae chun na rudaí atá ann a fhorbairt chun go mbainfidh muintir na háite agus cuairteoirí taitneamh astu.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Leanadh le trí phríomhbhróisiúr/léarscáil turasóireachta a fhorbairt agus a scaipeadh chun áiteanna a mheallann cuairteoirí sa chontae a chur chun cinn de réir na dtrí thogra "Urban Splash", "Between the Lines" agus "Well Worth the Climb".
- Cuireadh feachtas digiteach ar líne i bhfeidhm ag baint úsáid as físeáin dlr um cur chun cinn na turasóireachta chun tacú leis na téamaí.
- In 2019, gheall dlr go nglacfaidh sé páirt i dtionscadal nua de chuid an AE faoi chlár URBACT III. Fiosróidh Líonra na gCathracha atá Oiriúnach don Turasóireacht ceist na turasóireachta inbhuanaithe. Tá deich gcathair páirteach sa líonra sin agus is é Genova na hIodáile atá á stiúradh.
- Rinne dlr urraíocht ar Fhéile Bia Airfield i nDún Droim, ar ar fhreastail 15,000 duine thar dhá lá.

Nascadh & Caidreamh Idirnáisiúnta

In 2019, d'athnasc dlr le dhá cheann de na cathracha lena bhfuilimid nasctha cheana féin: Brest na Fraince agus Anglesey na Breataine Bige. Tá nasc chumarsáide athbhunaithe leis an dá chathair sin.

D'fhorbair Líonra Gnó na Carraige Duibhe caidreamh oibre le Cathair Vincennes, Páras, An Fhrainc in 2018. Mar thoradh air sin, comhaontaíodh comhar trí bliana idir Cathair Vincennes, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Líonra Gnó na Carraige Duibhe in Aibreán 2019.

D'fhreastail Amhránaithe Frascati, atá lonnaithe sa Charraig Dhubh, ar Lá na hEorpa ar an 10 Bealtaine 2019 in Vincennes agus bhí an deis acu canadh le Cór Córúil Vincennes.

I Meán Fómhair 2019, ghlac foireann peile na mban Chill Mochuda na Crócaigh páirt i gcomórtas idirnáisiúnta peile in Vincennes, arna óstáil ag Club Peile Ghaeil Pháras.

I Samhain 2019, d'óstáil dlr mac léinn turasóireachta ó Vincennes ar shocrúchán oibre dhá sheachtain in Aonad Turasóireachta na Comhairle.

**Bonneagar
don Phleanáil
Chun Cinn**

2,214 Deontas Pleanála Eisithe d'Aonaid Chónaithe



115,000 MÉADAR Cearnach
d'Úsáid Ilchineálach Lár an Bhaile



24,000 MÉADAR

Cearnach d'Fhostaíocht Ard-Déine
i limistéar Chrios Forbartha
Straitéisí Choill na Silíní



Is Stiúirthóireacht ildisciplíneach é Bonneagar Réamhphleanála (BRP) atá freagrach as dul chun cinn na mórthionscadal gníomhachtaithe talún agus as maoirseacht a dhéanamh orthu, agus is é an príomhthionscadal ina measc siúd ná forbairt Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) Choill na Silíní. Nuair a bheidh sé go hiomlán críochnaithe, beidh thart ar 8,700 teach do 20,000 cónaitheoir féideartha sa CFS, chomh maith le deiseanna suntasacha fostaíochta agus naisc inbhuanaithe iompair den chéad scoth ag tacú leo.

Tá ról maoirseachta agus bainistíochta ag BRP freisin maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar na trí thionscadal atá ceadaithe ag Coill na Silíní, An Chéim agus Sruthán na Coille/Seangánach faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF).

D'éirigh le dlr lena iarratas faoin gCiste Forbartha agus Athnuachana Uirbí (CAFU) maidir le tionscadal Pháirceanna Poiblí, Ghlasbhealaí agus Mhaolúchán Choill na Silíní, agus is é BRP an Príomhbhainisteoir Tionscadail uirthi.

Tá freagracht ar FPI freisin as na trí Mhórshuíomh Forbartha Tithíochta Uirbí in dlr a stiúradh, ag Coill na Silíní, Cill Tiarnáin/Gleann na Muc agus Sruthán na Coille/Seangánach.

Crios Forbartha Straitéisí (CFS) Choill na Silíní

Lean Foireann Thionscadal Ghníomhaireacht Forbartha Choill na Silíní le maoirseacht a dhéanamh ar an bhforbairt sa CFS agus í a stiúradh chun comhsheasmhacht le riachtanais Scéim Pleanála CFS Choill na Silíní 2014 (arna leasú) a chinntiú.

Bhí cruinnithe leis na páirtithe leasmhara uile ar bun go leanúnach leis an bhfoireann chun freastal ar dhul chun cinn ar phríomhcheisteanna, de réir mar a thagann siad chun cinn, a dteastaíonn cur chuige comhordaithe uathu ó roinnt gníomhaireachtaí stáit agus soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear teagmháil ardleibhéil leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar na bpríomhcheisteanna.

Tá an Fhoireann ag tabhairt faoi chleachtaí scóipe agus measúnuithe ar leasuithe féideartha ar an Scéim ceadaithe Pleanála le cinntiú go dtagann sé le beartais an rialtais agus go mbaineann sé an leas is mó agus is féidir as an mbonneagar atá tógtha cheana féin chun dlús a chur le forbairt tithíochta. Tá 5 leasú den chineál sin ceadaithe go dtí seo, agus cuireadh an séú Leasú Beartaithe ar Scéim Pleanála Choill na Silíní maidir le caighdeáin um páirceáil carranna cónaithe faoi bhráid an Bhoird Pleanála i nDeireadh Fómhair 2019.

Príomhéachtaí OFÁ agus Geilleagrach in 2019

- Go deireadh 2019, eisíodh deontais phleanála le haghaidh 2,214 aonad cónaithe agus nach mór 115,000 méadar cearnach d'úsáid ilchineálach Lár an Bhaile agus nach mór 24,000 méadar cearnach d'Fhostaíocht Ard-Déine sa cheantar CFS.
- Ina ról mar Ghníomhaireacht Forbartha, rinne dlr maoirseacht ar an dul chun cinn ar an soláthar bonneagair d'fhonn Coill na Silíní a oscailt
- Cuireadh tús le Straitéis Treochomharthaíochta agus Comharthaíochta Treo Choill na Silíní a dhréachtú do CFS Choill na Silíní

An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Gníomhachtú (LIHAF)

Lean FPI le dul chun cinn a dhéanamh ar na 3 thionscadal rathúla LIHAF i ndlúthchomhar le hOifig na dTionscadal Bóithre dlr, leis na húinéirí talún, leis an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil agus le gníomhaireachtaí seachtracha stáit. Is é cuspóir an chiste bonneagar seachtrach poiblí a sholáthar chun baic ar bhonneagar criticiúil, a aithnítear ar cheann de na príomhchonstaicí roimh fhorbairt príomhshuímhanna do thithíocht, a mhaolú, d'fhonn freastal ar sholáthar brostaithe aonad cónaithe ar na suímhanna sin i mBaile Átha Cliath agus i gceantair uirbeacha ina bhfuil an-éileamh ar thithíocht.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Tá Céim 1 de Bhóthar Ghleann na nDraoithe, Acomhal Q san áireamh, le bheith nach mór críochnaithe i R1 2020
- Cuireadh Comhaontú Tríthaobhach i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2019 maidir le LIHAF Sruthán án na Coille/Sheangánaí.
- Cuireadh iarratas CFS i leith 685 aonad cónaithe agus an bóthar LIHAF faoi bhráid ABP i Samhain 2019 maidir le LIHAF Sruthán na Coille/Sheangánaí

Mórshuímhanna um Thithíocht Uirbeach a Sholáthar (MTUS)

Is tosaíocht don Rialtas de réir Atógáil Éireann é dlús a chur le soláthar tithíochta do na hearnálacha príobháideacha, sóisialta agus cíosa. Mar chuid den obair sin, aithníodh 23 príomhshuímh náisiúnta straitéiseach tithíochta, ar a dtugtar Mórshuímhanna um Thithíocht Uirbeach a Sholáthar (MTUS), ag ar féidir líon mór tithí nua a sholáthar go tapa, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile. Meastar go n-osclófar na suímhanna sin trí chistí LIHAF, cistiúchán eile agus sásraí comhordaithe. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ag an nasc: <http://www.rebuildingireland.ie/RebuildingIreland-Pillar3PressRelease.pdf>



Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Gníomhachtú (LIHAF) Choill na Silíní

Aithníodh na trí shuíomh seo a leanas mar MTUS le haghaidh soláthar tithíochta ar mhórsála:-

- Coill na Silíní
- Cill Tiarnáin/Gleann na Muc
- Sruthán na Coille/Seangánach

In 2019, lean an Roinn Bonneagair Réamhphleanála ag déanamh bainistíochta agus maoirseachta chun cur i bhfeidhm na suímhanna sin a spreagadh.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Go deireadh 2019, eisíodh deontais phleanála le haghaidh 2,214 aonad cónaithe agus nach mór 115,000 méadar cearnach d'úsáid ilchineálach Lár an Bhaile agus nach mór 24,000 méadar cearnach d'Fhostaíocht Ard-Déine i gceantar CFS Choill na Silíní.
- Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) na Scéime a bhaineann le Cill Tiarnáin/Gleann na Muc – Reachtáladh an éisteacht ó bhéal i Meán Fómhair 2019 agus ceadaíodh an dá cheann i Nollaig 2019.

An Ciste Forbartha & Athnuachana Uirbí (CFAU)

Fuarthas an ceadú foirmiúil maoinithe i mBealtaine 2019 maidir le Tionscadal Pháircanna Poiblí, Ghlasbhealaí agus Mhaolúchán Choill na Silíní faoin gCiste Forbartha agus Athnuachana Uirbí (CFAU). Ceadaíodh €870,000 do 2019 agus gealladh go dtabharfaí an €13.4m atá fágtha (faoi réir measúnaithe agus feidhmíochta) sna blianta ina dhiaidh sin. Réitíonn an tionscadal sin le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála agus cuspóirí an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal sin, arna bhainistiú ag FPI, in 2019 agus ceapadh an comhairleoir deartha ildisciplíneach don Pháirc Líneach i Márta 2019 agus do Pháirc na Tulaí i Samhain 2019. Tá an t-ailíniú bealaigh dó seo á chríochnú chun gur féidir dul ar aghaidh go dtí an dearadh tosaigh i R3 2020. Tá an dearadh críochnaithe do Linn 5a agus táthar chun tús a chur le tógáil na gné sin i lár 2020 agus tá Linn 2a ag céim an cheadaithe tairisceana maidir le miondearadh.

Tá teagmháil leanúnach á déanamh leis na húinéirí ábhartha talún maidir le rochtain ar thalamh le haghaidh iniúchtaí agus suirbhéanna láithreáin.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Ceadaíodh €870,000 do 2019 agus gealladh go dtabharfaí an €13.4m atá fágtha
- Ceapadh comhairleoir deartha ildisciplíneach don Pháirc Líneach agus do Pháirc na Tulaí



Crios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní

Tithíocht



Cuireadh i gcrích **50** Teach Nua i bPáirc Mhic Gearailt

12

Thionscadal Oibreacha Athchóirithe curtha i gcrích ag Cúirt Moyola, Baile an Teampaill



115

Tionscadal Oibreacha Oiriúnaithe curtha i gcrích



15

Chomhaontú Cuid V Sínithe &

106

Teach Soláthartha trí Cuid V



19

Éadail déanta ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin &

11

Éadail AHB



189 DEONTAS OIRIÚNAITHE (TITHE PRÍOBHÁIDEACHA) FAOFA LE CAITEACHAS **€1,449,237.69**

6,339

Iarratais ar Chothabháil a Fuarthas



152

Athléasuithe Curtha ar ais go Leithdháilte



408

Ionad Réadmhaoine a Leithdháileadh

€16.16 MILLIÚN
cíos bailithe



37

Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann Faofa i bPrionsabal



26% de na Leithdháilte Tithíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas

An chéad Údarás Áitiúil chun 87 áit chónaithe a sheachadadh faoin Scéim Fheabhsaithe don Léasú Fadtéarmach ar Thithíocht Shóisialta

Cuireadh de chúram ar an Roinn Tithíochta cóiríocht oiriúnach, cost-éifeachtúil ardchaighdeán agus tacaíocht tithíochta a chur ar fáil do theaghlaigh incháilithe. Seo a leanas an réimse iomlán roghanna dá foráiltear in Atógáil Éireann: D'úsáid an Chomhairle Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Daoine gan Dídean chun 659 teach nua a sholáthar in 2019. Lean an Roinn Tithíochta uirthi ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRA), an Ghníomhaireacht Tithíochta, Feidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) chun soláthar na tithíochta sóisialta a uasmhéadú.

Foirgníocht

Is tosaíocht don Chomhairle é go fóill tithe nua a thógáil agus tithe atá ann cheana féin a athchóiriú chun críocha tithíocht shóisialta. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal tithíochta in 2019, cuid acu ag céim an dearaidh thosaigh, cuid eile acu ag dul tríd an bpróiseas pleanála agus cuid eile acu á tógáil. Déantar monatóireacht ghéar ar gach tionscadal agus déantar iad a bhainistiú go géar freisin ag gach céim idir an tús go dtí agus cur i gcrích.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Scéimeanna a Críochnaíodh

- Críochnaíodh an fhorbairt ag Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire i Márta 2019, agus soláthraíodh 50 teach nua
- Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ag Cúirt Moyola, Baile an Teampaill, i Márta 2019, a d'fhág gur féidir 12 teach a úsáid arís



**Traveller
Accommodation
Programme
2019-2024**

Scéimeanna atáthar á Soláthar

- Cuireadh tús le dhá theach nua a thógáil ag Ascaill Bhaile Uí Ógáin, Carraig Mhaighin, i mí na Nollag 2019
- Rinneadh dul chun cinn ar 21 teach nua a dearadh go sonrach do dhaoine breacaosta ag Ard an Átha Leathain, Baile an tSaoir
- Cuireadh tús le dhá scéim atáthar á soláthar in éineacht le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta in 2019 freisin:
 - Bóthar Áth na Sceire (Túath/Respond) – 155 teach nua (50 ar cíos de réir costais)
 - Teach Abbeyview (Cluid) – 11 teach nua

Cuid V – Straitéis Tithíochta

Éilíonn Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, go gcoimeádfai céatadán de thalamh a chríochnaítear le haghaidh úsáidí cónaithe, le haghaidh tithíocht shóisialta. Cé gur féidir oibleagáidí Chuid V a chomhlíonadh ar roinnt bealaí, is fearr leis an Roinn Tithíochta iad a chomhlíonadh trí thithe nua a sholáthar ar an láithreán atáthar á fhorbairt.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Síníodh 15 Chomhaontú Chuid V in 2019
- Soláthraíodh 106 teach trí Chuid V in 2019

Éadálacha

Ceannaíonn an Chomhairle líon beag áiteanna cónaithe folmha, idir nua agus ar athlámh, i gceantair ina bhfuil gá le tithíocht ar fud an chontae. Tacaíonn an Chomhairle le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta freisin chun áiteanna chónaithe a cheannach tríd an Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) agus an Áis Léasúcháin d'Airleacan Caipitil (ÁLAC) chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine incháilithe.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- 19 Éadáil dlr in 2019
- 11 Éadáil CCT in 2019

Oiriúnuithe do Dhaoine faoi Mhíchumas (i seilbh na Comhairle)

Féadann tionóntaí réadmhaoine i seilbh na Comhairle iarratas a dhéanamh go ndéanfaí athruithe ar a dteach chun go mbeidh sé oiriúnach do riachtanais duine breacaosta nó duine faoi mhíchumas atá ina chónaí san áit chónaithe. Ar na hathruithe, is gnáth go mbítear ag plé le cithfholcadáin bhoinn leibhéalta, rampaí, cathaoireacha staighre, greimráillí, ardaitheoirí, leathnú doras.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Críochnaíodh 115 tionscadal oiriúnaithe in 2019, lenar áiríodh:

- 59 athrú ar sheomraí folctha
- 20 cathaoir staighre
- 4 rampa
- 32 athrú eile ar áitreabh i seilbh na Comhairle.

Scéim Deontais Oiriúnaithe (Úinéirí Tithe Priobháideacha)

Déanann an Roinn Tithíochta trí scéim deontais a riar atá ar fáil do dhaoine breacaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, atá ina gcónaí in áiteanna chónaithe i seilbh phríobháideach, chun cabhrú leo oibreacha a dhéanamh chun go mbeidh a dteach níos sábháilte agus níos éasca bogadh timpeall:

1. Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
2. Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta
3. Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Ceadaíodh 189 deontas faoin scéim seo in 2019
- Caitheadh €1,449,237.69.

Cothabháil

Déanann an Chomhairle 4,433 teach a bhainistiú agus a chothabháil agus bíonn sí ag obair i gcónaí chun caighdeán a stoic tithíochta a fheabhsú de réir clár cothabhála coiscthí beartaithe. Anuas ar an gcothabháil choisctheach bheartaithe,

is ann do thionscnaimh agus cláir speisialta chun caighdeán an stoic reatha a fheabhsú.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Fuarthas 6,339 iarratas ar chothabháil in 2019

Athligean Tithíochta

De réir mar a bhíonn stoc tithíochta ar fáil lena athligean ar cíos, tapaíonn an Rannóg Cothabhála Tithíochta an deis aon oibreacha feabhsaithe a dteastaíonn ón teach a dhéanamh anuas ar na gnáthoibreacha athligin. I measc na n-oibreacha, d'fhéadfadh na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh: suiteáil doirse agus fuinneoga nua, athshreangú leictreach, feistiú aláram nua deataigh, teasa agus carbóin, insliú áiléir, athsholáthar coire téimh lárnaigh agus/nó an córas iomlán téimh lárnaigh. Feabhsóidh na hoibreacha a dhéantar rátáil RFF na n-áiteanna cónaithe i gcónaí.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Tugadh 152 áit chónaithe aislighin ar ais do Rannóg na Leithdháiltí in 2019
- Thóg sé 12 seachtaine ar an meán le hionad réadmhaoine a athligean

Leithdháiltí agus Aistriú

Déanann Rannóg na Leithdháiltí Tithíochta an Liosta Tithíochta agus leithdháileadh réadmhaoine a bhainistiú i gcomhréir le Scéim Leithdháilte na Comhairle.

Cuirtear teaghlach a bhfuil measúnacht déanta orthu agus a meastar go bhfuil siad incháilithe i leith Tacaíocht Tithíochta Sóisialta ar Liosta Tithíochta na Comhairle. Cinntear na



An fód á iompú ag an gcéad mhúnla do thithíocht ar cíos de réir costais – Bóthar Áth na Sceire – an Comhairleoir Shay Brennan, Cathaoirleach, leis an Aire Eoghan Murphy, T.D.

háiteanna ar an liosta ag an méid ama a bhfuil iarratas bailí tithíochta ag teaghlach.

Ina theannta sin, is féidir le Teaghlaigh atá ina dtionóntaí de chuid na Comhairle le trí bliana ar a laghad iarratas a dhéanamh go gcuirfí leis na liostaí um aistriú ar chúiseanna leighis/plódaithe iad.

D'fhéadfadh sé go gceadófaí comhastruithe idir tionóntaí a bhfuil áiteanna chónaithe den chineál céanna acu freisin i gcás go mbainfí úsáid níos fearr as an gcóiríocht de thoradh an aistrithe.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Leithdháileadh 408 ionad réadmhaoine in 2019
- Bhí 4,427 teaghlach ar Liosta Tithíochta na Comhairle ag deireadh na bliana

Laghdú Méide

Cuireann an Roinn Tithíochta “Laghdú méide” nó “Ceartú méide” chun cinn do thionóntaí reatha na Comhairle a mheasann go bhfuil a gcóiríocht reatha rómhór dá riachtanais. Tugtar tús áite do thionóntaí atá ag iarraidh leas a bhaint as “Laghdú méide” agus déantar gach rud is féidir chun ionad réadmhaoine oiriúnach níos lú a aimsiú dóibh. Cabhraíonn an próiseas “Laghdaithe méide” leis an gComhairle leas níos fearr a bhaint as an stoc tithíochta trí ligean dóibh na háiteanna chónaithe níos mó a thugtar ar ais a leithdháileadh ar theaghlaigh ar an liosta tithíochta.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- 15 Leithdháileadh Tús Áite Laghdaithe Méide do 2019

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Oibríonn Rannóg na Comhairle um Dhaoine gan Dídean i gcomhar le Feidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean (DRHE) chun cabhrú le daoine gan dídean, nó daoine atá i mbaol go mbeidh siad gan dídean, cóiríocht éigeandála a fháil agus éalú ón easpa dídine.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Cóiríocht Nua Éigeandála a soláthraíodh in 2019:
 - 8 áit do dhaoine singile gan dídean
 - 7 Socrúchán Teaghlaigh
- 67 leithdháileadh do dhaoine gan dídean
- Cruthaíodh 162 Tionóntacht do Dhaoine gan Dídean leis an fíoraíocht Cúnaimh Tithíochta

Iompar Frithshóisialta

Oibríonn an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta go príomha chun dea-bhainistíocht eastáit a chur chun cinn agus eastáit Chomhairle a fheabhsú mar áiteanna cónaithe. Fiosraíonn an Rannóg gearáin maidir le hiompar frithshóisialta i gcomhréir leis an Straitéis um Iompar Frithshóisialta 2016 - 2022.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- 2 Chúrsa réamhthionóntachta do thionóntaí nua, ar ar fhreastal 57 duine
- Fiosraíodh 63 tionóntacht
- Cuireadh 41 Iarratasóir ar Thithíocht faoi agallamh
- Fuarthas 3 ghéilleadh tionóntachta
- Tháinig 2 Imeacht Seilbhe os comhair na gCúirteanna
- Fuarthas 1 Ordú eisiámh ag an gCúirt Dúiche
- Eisíodh 3 Rabhadh Tionóntachta
- Eisíodh 9 bhFógra Tionóntachta

Cíos ar Thithe

Ríomhtar an cíos a bhailíonn an Chomhairle i gcomhréir leis an Scéim Cíosanna Dífreálacha. Cinneann an Scéim an méid cíos atá le híoc ag tionóntaí de chuid na Comhairle de réir a n-ioncain.



Céim 3 de Theach an Róistigh

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Bailíodh €16.16 milliún i gcíos in 2019
- Tháinig méadú 6%+ ar an mBailiú ioncaim thar an mBuiséad
- Tháinig laghdú €200,000 (nach mór) ar riaráistí
- Críochnaíodh 70% Measúnú Bliantúil ar Fháltas

Scéim Iasachta Baile Atógáil Éireann

Cuireann Iasacht Baile Atógáil Éireann seirbhís morgáiste ar fáil do cheannaitheoirí céaduaire. Féadfar an iasacht a úsáid chun áit chónaithe nua nó áit chónaithe ar athlámh a cheannach nó chun teach nua a thógáil. Is é €320,000 uasluch margaidh na háite cónaithe ar féidir a cheannach nó a fhéinthógáil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Ceadaíodh 37 Iasacht Baile Atógáil Éireann i bprionsabal in 2019

Ceannach Incriminteach ag Tionóntaí

Faoin Scéim Ceannaigh (Incrimintigh) ag Tionóntaí 2016, d'fhéadfaí go mbeadh tionóntaí de chuid na Comhairle incháilithe a dteach a cheannach ón gComhairle, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa scéim.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Díoladh 4 áit chónaithe in 2019

Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais

Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha mar aidhm straitéiseach de chuid na 'Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2010-2020'. Tagann Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais dlr le chéile uair gach ráithe, agus déantar ionadaíocht iomlán ar na páirtithe leasmhara ábhartha.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Leithdháileadh 26% de thithíocht ar dhaoine faoi mhíchumas.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Tá an Chomhairle tiomanta do chóiríocht ardchaighdeán Lucht Siúil a chur ar fáil agus do riachtanais tithíochta Phobal dúchasach Lucht Siúil an Chontae a shásamh. Tá sé d'aidhm ag an Roinn Tithíochta dul i ngleic leis an riachtanas sainaitheanta le clár tógála agus athchóirithe. Áirítear leis an gclár sin forbairt suíomhanna nua, athchóiriú agus leathnú suíomhanna atá ann cheana féin, Forbairtí Cuid V, corrfholúntais agus tithíocht chaighdeánach.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Ghlac Comhaltaí Tofa na Comhairle le 'Clár Cóiríochta an Lucht Siúil 2019-2024' ar an 1 Iúil 2019.
- Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar 3 aonad
- Cruthaíodh Corrfholúntais ar 2 shuíomh
- Leithdháileadh Tithíocht Chaighdeánach ar 6 Theaghlach

Caighdeán na Tithíochta Príobháidí ar Cíos

I gcomhréir leis na Rialacháin Tithíochta (Caighdeán le haghaidh Títhe ar Cíos) 2019, tá Rannóg na gCaighdeán freagrach as na rialacháin a chur i bhfeidhm i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.



Plás Sheoirse, Dún Laoghaire. Grianghraf le Marie Louise Halpenny

Tugann cigirí cuairt ar áiteanna cónaithe ar cíos le cinntiú go gcomhlíonann siad na rialacháin agus sa chás nach gcomhlíontar iad, is féidir leis an gcigire sraith de smachtbhanna a thionscnamh i gcoinne an tiarna talún, suas le cás a thionscnamh sa Chúirt Dúiche agus é sin san áireamh.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Rinneadh 1,148 cigireacht ó bhí 01/01/2019 ann

Nua - Léasú

Déanann an Chomhairle, tríd an Roinn Tithíochta, áiteanna cónaithe a léasú ó úinéirí réadmhaoine príobháideacha i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin faoin Scéim Chaighdeánach Léasaithe Fhadtéarmaigh agus faoin Scéim Feabhsaithe Léasaithe Fhadtéarmaigh. Is féidir leis an dá scéim sin freastal ar dhaoine a dteastaíonn tithíocht shóisialta uathu. Shínigh an Chomhairle comhaontuithe léasa 25 bliana do roinnt áiteanna cónaithe in 2019, comhaontuithe a chuirfidh cóiríocht shlán ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh a mheastar go bhfuil siad incháilithe do thithíocht shóisialta.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- An chéad Údaráis Áitiúil chun 87 áit chónaithe a sheachadadh faoin Scéim Fheabhsaithe don Léasú Fadtéarmach ar Thithíocht Shóisialta
- Soláthraíodh 4 teach faoin Scéim Caighdeánach Léasaithe Fhadtéarmaigh
- Soláthraíodh 1 teach faoin Scéim Morgáiste Cíos

Bonneagar & Athrú Aeráide



Glacadh leis an bPlean Gníomhaithe in aghaidh an Athraithe Aeráide 2019-2024

Baineadh **60** carr tréigthe



Eisíodh **792** Fíneáil bruscair



Baineadh **7,292 méadar cearnach graifítí**



Líon na nDeimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán a próiseáladh


209

ÁBHAIR IN-ATHCHÚRSÁILTE

Tógadh **9,127** tonna go dtí Ionad Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin



Tógadh **834** tonna go dtí Ionad Athchúrsála Pháirc Éidín



Tógadh **391** tonna go dtí Ionad Athchúrsála Sheangánaí

Tógadh **3,898** tonna go dtí Ionad Fág Anseo

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht um Bonneagar agus Athrú Aeráide réimse leathan seirbhísí do shaoránaigh agus do chuariteoirí. Dearadh na seirbhísí sin chun go gcuirfí timpeallacht ardchaighdeáin ar fáil, go rachfaí i ngleic leis an Athrú Aeráide agus chun bonneagar agus ríocht phoiblí den chéad scoth a sholáthar.

Is iad na príomhsheirbhísí seo a leanas atá i gceist:

Comhshaoil

Ról ceannasaíochta a ghlacadh chun dul i ngleic le tionchair an Athraithe Aeráide. Feasacht chomhshaoil a spreagadh agus a chur chun cinn d'fhonn éifeachtúlacht acmhainní a bhaint amach, an geilleagar ciorclach a fhíorú, deireadh a chur le truailliú ó bhruscar agus an athchúrsáil agus tionscnaimh áitiúla eile a spreagadh. Monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht agus rialacháin chomhshaoil a mbaianeann le bruscar agus rialú ainmhithe, agus an reachtaíocht agus na rialacháin sin a chur i bhfeidhm.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Glacadh Plean Gníomhaithe na Comhairle in aghaidh an Athraithe Aeráide 2019-2024 in 2019.
- Fuair Comórtas na nDúichí Slachtmhara 35 iontráil.
- Ghlac 30 scoil páirt i gcomórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Ghlac 110 scoil páirt i gclár na Scoileanna Glasa
- Eisíodh 792 fíneáil bruscair in 2019
- Tógadh 61 madra go dtí póna na Comhairle
- Rinneadh 15 chapall a chur i bpóna
- Baineadh 60 carr tréigthe
- Scriosadh 7,292 méadar cearnach graifítí

Bainistíocht Maoine

Dea-bhainistíocht agus dea-chosaint mhaoin na Comhairle a chinntiú. Seilbh a fháil ar thailte chun cuspóirí Corparáideacha Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chomhlíonadh. Clár na Láithreán Tréigthe a choinneáil suas chun dáta.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Eisíodh Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh do thailte de chuid na scéimeanna seo a leanas: Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an Ghleanna Dhuibh/Bhóthar Ghráinseach an Araltaigh, Scéim Bóithre Cheantar Ghleann na Muc
- Tá 57 ligan/léas tráchtála sealadacha i bhfeidhm. Fuarthas €310,000 ó na ligin/léasanna sin in 2019.
- Fuarthas €30,662 ó thobhaigh a gearradh ar láithreáin thréigthe in 2019. Bhí 22 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe

Oifig na dTionscadal Caipitil

Tá Oifig na dtionscadal Caipitil freagrach as cur i gcrích an Chláir Chaipitil chun na príomhscéimeanna caipitil a sholáthar.



An Comhairleoir Shay Brennan, Cathaoirleach, ag seoladh an Fheachtais um Bruscar Guma Coganta



Foilsíonn Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a Plean Gníomhaithe in aghaidh an Athraithe Aeráide 2019-2024. An Comhairleoir Shay Brennan, Cathaoirleach, le Philomena Poole, Príomhfheidhmeannach, Michael Mangan agus Austin Baines, Bonneagar & Athrú Aeráide.

Na Príomhrudaí aBaineadh Amach in 2019

Is iad seo a leanas na Príomhthionscadail/Príomhscéimeanna Chaipitil atá á ndearadh/á dtógáil faoi láthair ag an gComhairle, nó a chuir an Chomhairle i gcrích le déanaí, arna maoiniú ag Tobhaigh/Deontais Forbartha:

Scéimeanna atá á dtógáil/curtha i gcrích:

- Folcadáin Dhún Laoghaire
- Cosaint an Chósta ag Lána na Coirre Báine
- Pailliún Leadóige Pháirc Chnoc an Fhuaráin
- Creat Gluaiseachta Shráidbhaile Stigh Lorgan Céim 1
- N11 Bóthar Ghleann an Draoi Acomhail Q-P* (Céim 1)
- Ríocht Phoiblí Lár Dhún Laoghaire – Carrchlós Lexlcon agus an Ceantar Máguaird

Scéimeanna atá ag an gCéim Dearaidh Mhionsonraithe:

- M50 Nascbhóthar Acomhal 14
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an Ghleanna Dhuibh
- Samuel Beckett Céim 2
- N11 Bóthar Ghleann an Draoi Acomhail P*-P3 (Céim 2)
- Bóthar na Raithní Móire go Nascbhóthar Dhroim Máirtín
- Uasghrádú ar Acomhal Bhóthar Áth na Sceire/Bhóthar Ghleann na Muc (Acomhal na Liathróide Órga)
- Scéim Bóithre Cheantar Ghleann na Muc
- Oibreacha Eatraimh Bhóthar Sheangánaí – Céim 2

Scéimeanna atá ag an gCéim Dearaidh:

- Glasbhealach Coill na Silíní go Seanchill
- S2S Conair an Chósta Thoir (Baile an Bhóthair go Dún Laoghaire)
- N11 Bóthar Ghleann an Draoi Acomhail P3-P (Céim 3)

An Rannóg Pleanála Iompair

Tugann an Rannóg Pleanála Iompair cúnamh don phróiseas Pleanála Forbartha trí mheasúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe iompair na n-iarratas pleanála ar fad a chuirtear isteach chuig an gComhairle.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Chuir an Rannóg Pleanála Iompair an obair seo a leanas i gcrích in 2019:

- Tuairiscíodh ar 1,075 iarratas pleanála
- Rinneadh thart ar 55 seisiún comhairliúcháin réamhphleanála agus comhlíontacha le hailtirí, innealtóirí agus pleanálaithe d'fhonn dul chun cinn na n-iarratas pleanála agus forbartha a éascú
- Tuairiscíodh ar chomhairliúcháin réamhiarratais a rinneadh maidir le Forbairt Tithíochta Straitéisí
- Freastalaíodh ar chruinnithe comhairliúcháin réamhiarratais maidir le Forbairt Tithíochta Straitéisí in Oifigí an Bhoird Pleanála
- Tuairiscíodh ar iarratais Cuid 8, ar achomhairc chuig an mBord Pleanála, ar iarratais Cuid 5
- Curieadh ir eolas ar fáil do Bhainistíocht Forbartha Pleanála Crios Forbartha Straitéisí (CFS) Choill na Silíní agus réamhiarratais Cuid 8
- Thug tacaíocht iompair do rannóga Seirbhísí Bardasacha maidir le ceisteanna a bhain le comhlíontacht tógála agus iarthógála

An tAonad Comhshaoil & Forfheidhmiúcháin Bainistíochta Dramhaíola

Déanann an tAonad Forfheidhmiúcháin monatóireacht ar chomhlíontadh i ndáil le Rialacháin maidir le (a) bainistíocht dramhaíola (b) truailliú aeir agus (c) truailliú ó thorann.

Chuimsigh na réimsí tosaíochta gníomhaíochta in 2019:

- Fiosrú, measúnú agus dúnadh na ngearrán a logáladh ar Chóras Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) na Comhairle



Acomhal N11

- Tosaíocht Comhshaoil Náisiúnta: Dumpáil mhídhleathach agus dramhail gan tásc, dramhail tógála agus scartála (C&D), Dramhbhoinn, scéim comhlíonta ELVES, forfheidhmiúchán dramhaíola Pacáistithe, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL), Cadhnaí, Plaistigh Feirme, Breoslaí Soladacha, gearráin faoi Aer agus Torann, Rialú Aer agus Torainn (pleanáil): measúnú agus comhoiriúnú ceadúnas pleanála maidir le rialúchán aeir/torainn, Clár Monatóireachta ar an Aer Chomhthimpeallach (síneadh le AAMP) agus ar Thuaslagóirí. Rialacháin maidir le péinteanna Maisiúcháin agus Gal Pheitriliam

Obair Forfheidhmiúcháin in 2019

Saoráidí Cláraithe/Ceadúnais Eisithe	
Forfheidhmiú Comhshaoil	104
Uisce	4
Iniúchtaí	
Forfheidhmiú Comhshaoil	3818
Bruscar	3307
Truailliú Uisce	3733
Gearráin a Fuarthas	
Forfheidhmiú Comhshaoil / Bruscar	2950
Truailliú Uisce	63
Gníomhartha Forfheidhmiúcháin	
Forfheidhmiú Comhshaoil	185
Uisce	20
Bruscar	792

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Bhain Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin amach rátáil "Ard" dá Plean Forfheidhmiúcháin agus rátáil "Os cionn na Sprice" sa Mheasúnú ar Fheidhmiú Forfheidhmiúcháin

Cosaint Shibhialta agus an tSeirbhís Dóiteáin

Soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Chosaint Shibhialta do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tSeirbhís Dóiteáin do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin freisin de bhun comhaontaithe faoi Alt 59 den Acht um Rialtas Áitiúil 1955.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Líon na nDeimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán a próiseáladh = 209

Gnó Glas

Is é ról Gnó Glas ná an t-aistriú ó gheilleagar bainistíochta dramhaíola chuig geilleagar glas ciorclach a spreagadh ar mhaithe le fostaíocht a chur chun cinn agus aisghabháil luacha agus athúsáid acmhainní a mhéadú. Agus é sin á dhéanamh, beifear in ann cuspóirí Phlean Bainistíochta Dramhaíola 2015-2021 Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a chomhlíonadh.

Mar chuid de seo, beidh gá ann le hathrú iompraíochta a chur chun cinn agus gníomhaíochtaí le cosc a chur ar dhramhail a leathnú amach trí fhorbairt acmhainní a dhéanamh in earnáil na FBManna agus na n-institiúidí poiblí i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Tionscadal 2019 arna mhaoiniú ag LAPN (an Líonra Údaraí Áitiúil um Chosc na Dramhaíola)


Rith an tionscadal "Ceantar Gnó Áth an Ghainimh – ceann scríbe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de" ó Mhárta – Samhain 2019. Chistigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an tionscadal i bpáirt agus cuireadh i gcrích é i gcomhar le Baile NOSUP ('No Single Use Plastics') agus Ceantar Feabhsú Gnó Áth an Ghainimh. Ghlac cúig eagraíocht páirt sa tionscadal, forbraíodh Pleananna Gníomhaíochta agus Beartas maidir le Plaistíc Aonúsáide, agus cuireadh i bhfeidhm athruithe i ndáil le ceannach agus úsáid earraí plaisteacha aonúsáide ina ngníomhaíochtaí gnó.

Dámhachtainí Gnó Contae Chomhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2019 agus Dámhachtainí Cheantar Gnó Áth an Ghainimh 2019

Reáchtáladh Dámhachtainí Chomhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag Fitzpatrick Castle Hotel, Cill Iníon Léinín,



Taispeántas 'The Tide is Turning'



Amharc ar an bplean ghníomhaithe

i nDeireadh Fómhair 2019. Rinne Dún Laoghaire-Ráth an Dúin an ócáid seo a comh-mhaoiniú agus d'urraigh sí dhá cheann de na ceithre dhámhachtain dhéag - an Dámhachtain Chomhshaoil do Ghnólachtaí Glasa agus an Dámhachtain don Ghnólacht Nuathionscanta is Fearr. Reáchtáladh dámhachtainí Cheantar Gnó Áth an Ghainimh ag The Pavilion, Ráschúrsa Bhaile na Lobhar i Samhain 2019, áit a ceiliúradh scoth na ngnólachtaí ar fud an Cheantair. Rinne Dún Laoghaire-Ráth an Dúin an ócáid a chomh-mhaoiniú agus d'urraigh sí an catagóir 'Gnólacht Inbhuanaithe' de na dámhachtainí.

An Clár €coMerit

Dearadh an Clár €coMerit chun cabhrú le heagraíochtaí a bheith níos tiosaí ar fhuinneamh, cur amú a chosc, uisce a chaomhnú agus, ag an am céanna, airgead a shábháil. Déanann comhpháirtíocht idir an trí Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaigh, Údarás Áitiúla (lena n-áirítear Dún Laoghaire-Ráth an Dúin) agus €concertive an clár a sheachadadh. Tugtar aitheantas do na rannpháirtithe as a n-éachtaí ar son an chomhshaoil trí dheimniú €coMerit a bhronnadh orthu, agus déantar athbhreithniú air sin gach bliain chun a chinntiú go dtarlaíonn feabhsú comhshaoil leanúnach bliain ar bhliain. Tá coigiltis bhliantúla de €8,280 ina gcostais fuinnimh, uisce agus dramhaíola déanta ag sealbhóirí an deimhnithe, ach é sin bunaithe ar an gcéad bhliain dá bhfeabhsúchán amháin. Ina dhiaidh sin, thairbhí sealbhóirí Deimhniú €coMerit laghdúithe bliain ar bhliain ar astaíochtaí carbóin de 9%.

Is cuid de Phobal Fuinnimh Inmharthana iad na heagraíochtaí deimhnithe. Tá siad cláraithe le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), rud a thugann rochtain dóibh ar mhaoiniú deontais SEAI le haghaidh tionscadail coigilte fuinnimh. Go dtí seo, tá €992,446 de dheontais faighte ag 45 balleagraíochtaí den Tionscadal €coMerit. Déanfaidh na heagraíochtaí tairbhíochta coigiltis €622,979 san iomlán sa bhliain ina gcostais fuinnimh agus laghdóigh siad a n-astaíochtaí carbóin bliantúla 2,145 tona. Is é €2.7 million luach iomlán na dtionscadal a fuair tacaíocht go dtí seo.

Ionaid Athchúrsála

Cuireann an Chomhairle seirbhísí athchúrsála ar fáil d'úsáideoirí teaghlaigh ag 37 ionad fág anseo, dhá ionad athchúrsála áitiúla (Páirc Éidin & Seangánach) agus ag Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Ba é 9,127 tonna an tonnáiste earraí in-athchúrsáilte a tugadh go Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin in 2019.
- Tugadh 834 tonna d'earraí in-athchúrsáilte go hIonad Athchúrsála Pháirc Éidin in 2019.
- Tugadh 391 tonna d'earraí in-athchúrsáilte go hIonad Athchúrsála Sheangánaí in 2019.
- Tugadh 3,898 d'earraí in-athchúrsáilte go dtí na hIonaid Fág Anseo i rith na bliana.

An tAthrú Aeráide

Is é an t-athrú aeráide ceann de na dúshláin is mó atá os comhair an domhain sa chéad bliain seo. Níos mó ná riamh, ní mór do chomhlachtaí poiblí, agus tá siad freagracht as, ceannaireacht a thabhairt chun dul i ngleic le drochthionchar an athraithe aeráide.

Leagann ár bPlean Gníomhaithe in aghaidh an Athraithe Aeráide amach aithmeanna na Comhairle chun astaíochtaí carbóin a laghdú go mór roimh 2030 agus aithníonn sé na príomhrioscaí aeráide atá os comhair Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cuimsíonn sé leibhéal astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle agus leibhéal reatha na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud cheantar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Mar fhreagra ar an mbonnlíne seo, molann an Plean réimse gníomhartha leanúnacha nó beartaithe laistigh den Chomhairle, de réir cúig chritéir éagsúla - Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Seasmhacht i leith Tuilte, Réitigh Nádurhbanaithe agus Bainistíocht Acmhainní.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Ghlac na comhaltaí tofa le Plean Gníomhaithe in aghaidh an Athraithe Aeráide 2019-2024 na Comhairle in 2019.

An tSeirbhís Dlí

Lean an Roinn Seirbhísí Dlí ag soláthar seirbhísí dlí d’Fheidhmeannas na Comhairle in 2019 sna réimsí seo a leanas:

- Comhairleach – comhairle dlí a thabhairt don Fhoireann Bainistíochta agus d’fhoireann na Comhairle i dtaca le feidhmeanna na Comhairle
- Réadmhaoín agus talamh – Éadail agus diúscairt réadmhaoine agus talún, léasanna agus ceadúnais, gníomhais teidil agus ceisteanna, ceannach ag tionóntaí, iasachtaí Comhairle, comhaontuithe Cuid V
- Conarthaí tráchtála
- Ceannach éigeantach talún – éadail agus éisteachtaí ó bhéal
- Forfheidhmiú Rialála – Pleanáil, bainistíocht drámhaíola agus ionchúiseamh bruscair
- Iompar frithshóisialta
- Athbhreithniú breithiúnach
- Dlíthíocht Shibhialta
- Réiteach díospóidí (idirbheartaíocht, eadráin, comhréiteach)
- Aisghabháil rátaí agus bailiú fiach
- Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise
- Comhairle tógála
- Rialachas Corparáideach

San iomlán, fuair an Roinn Seirbhísí Dlí 872 ordú nua in 2019 a bhí bainteach leis na réimsí thuasluaite.

Chomh maith leis sin, ghlac an Roinn Seirbhísí Dlí ráiteas misin nua chuici féin agus chuir sí i gcrích plean straitéiseach cúig bliana ar tharla comhairliúchán inmheánach ina leith in 2019.



Páirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní

Seirbhísí Bardasacha

Athchóiriú ar an mBealach Isteach go dtí an Trá ag Lána na Coirre Báinet



73 Maor Scoile Lánaimseartha & **13** Cúltaca

Cuireadh i gcrích Rotharbhealach Chluain Sceach ag UCD agus Rotharbhealach Bhaile na Manach



1,294,496 IDIRBHEART PÁIRCEÁLA GAN AIRGEAD TIRIM

2,223 Ceadúnas Oscailte Bóthair Eisithe

4,662 Laindéar LED curtha in ionad na Seanlaindéar



Scuabadh **700KM** de Bhóithre & **1,400KM** de Chosáin



41,950 BAILIÚCHÁN ARAIDÍ SRÁIDE



300 Glantachán Deonach ar Tacaíodh Leo



CUIREADH I GCRÍCH PÁIRC & GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAIHNIÍ (CÉIM 1) AGUS BRONNADH AN GRADAM INBHUANAITHEACHTA INNEALTÓIRÍ ÉIREANN 2019 AIR



Glacadh le Máistirphlean Pháirc Sheangánaí



BRONNADH Gradaim 2019 don Bharr Feabhais sa Rialtas Áitiúil ar Ghairdíní Cois Farraige Otranto



Páirc Nua ag Bóthar Hudson i nGlas Tuathail



Paillíún Nua-Aimseartha Leadóige ag Páirc Chnoc an Fhuaráin

Ghlac **6,700** duine páirt in Imeachtaí Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin



Rinneadh **100 BLIAIN** AIREAGAL AN CHROÍ RÓNAOFA a cheiliúradh i nDún Laoghaire.

109 STAINNÍN MARGAIDH A FHOSTAÍONN 250 DUINE



Flíť na Comhairle - ceannaíodh 28 Feithicil, a bhFuil 17 acu ina bhFeithicilí 100% leictreacha



Suiteáladh **33** pointe luchtaithe ar Fud an chontae



SUITEÁLADH **3** LUCHTAIRE EV DÚBLÁILTE I BPÁIRCEANNA DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN



SEOLADH MyMobilityHub



Cuireadh i gcrích Céim 1 de Dheisiúcháin Stoirm Emma - Taobh Tíre na Cé Thoir



Is é Seirbhísí Bardasacha an Roinn oibríochtaí i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chumhdaíonn na hoibríochtaí allamuigh ar fad a dhéanann an Chomhairle. Cuimsíonn sé seo na rannóga Uisce & Draenála, lena n-áirítear an Comhaontú Seirbhíse le Uisce Éireann; Maolú ar Thionchar Tuilte; Cosaint an Chósta; Rialú Truailithe Uisce; Trácht; Sábháilteacht ar Bhóithre; Maoir Scoile; Páirceáil Íochta; Cothabháil Bóithre; Rialú Bóithre; Soilsiú Poiblí; Glantachán; Tránna; Páirceanna; Reiligí; Imeachtaí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin; Forbairt Spóirt; Oidhreacht; Bithéagsúlacht; Aonaigh na Comhairle Contae; Clós Flít/Innealra agus Cuan Dhún Laoghaire.

Seirbhísí Uisce

Bainistíonn an Rannóg um Maolú ar Thionchar Tuilte laistigh de na Seirbhísí Uisce na tionscadail Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair an Oirthir (ECFRAM) arna mhaoiniú ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP).

Cuireadh tús le déanaí leis an gcéad ceann de na tionscadail éagsúla, is é sin Scéim Bhaile Uí Lachnáin, a chuimsíonn na haibhneacha Gráinseach an Déin agus Carraig Mhaighin/Seangánach.

Tá obair mhúnlaithe agus suirbhéireachta ar na tionscadail 3 go 5 bliana seo ar bun cheana agus tá obair tógála ar phríomhghné de thionscadal Shruthán Ghráinseach an Déin beartaithe níos déanaí in 2020 i bPáirc Chill Bheagóige.

Déanann an Rannóg bainistíocht tionscadail freisin ar thionscadail mapála riosca i gcás tuilte (arna éileamh ag Treoir Tuilte an AE), maoinithe ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, chomh maith le tionscadail mhaolaithe ar thionchar tuilte áitiúla níos lú, lena n-áirítear suiteáil scéithe/cheamaraí tuilte.

Cosaint an Chósta

Cuireadh i gcrích oibreacha tábhachtacha cósta ag Lána na Coirre Báine in 2019 chun tacaíocht a chur faoi agus athchóiriú a dhéanamh ar an struchtúr a thugann rochtain ar an trá agus chun na haillte in aice láimhe a chosaint. Go luath in 2019, rinneadh an próiseas pleanála Cuid 8 i dtaca le bearta cosanta cósta a chur i gcrích ag Líonadh Talún Seanbhré ag Sruthán na Coille. Tá an tionscadal seo ag dul chun cinn de réir dearadh mionsonraithe agus tá sé le cur i gcrích in 2020. Tá monatóireacht á déanamh ag an gComhairle ar an gcreimeadh cósta ag eochairshuíomhanna ar feadh an chósta, suíomhanna a bhfuil baol láidir creimidh ag baint leo de bharr an gheolaíochta nó an cineál ithrigh atá acu. Tá na heochairshuíomhanna sin le fáil taobh ó dheas de thrá Chill Iníon Léinín ag druidim le deireadh theorann Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin gar de Bhré.



Oibreacha Cosanta Cósta ag an mBealach Isteach go dtí Trá Lána na Coirre Báine

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Rinneadh an struchtúr a thugann rochtain ar an trá ag Lána na Coirre Báine a uasghrádú agus a athchóiriú
- Cuireadh i gcrích oibreacha cosanta cósta ar chuid den imeallbhord 180 méadar ó thuaidh ó Lána na Coirre Báine.
- Fuarthas ceadúnas pleanála Cuid 8 le haghaidh oibreacha cósta a bhain le feabhsúchán Líonadh Talún Sheanbhré ag Sruthán na Coille.
- Rinneadh monatóireacht leanúnach ar an méid creimidh a bhí ag tarlú ag eochairshuíomhanna ar feadh imeallbhord Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Rialú Truailithe Uisce

Oibríonn an Rannóg um Rialú Truailithe Uisce chun cáilíocht an uisce a chothabháil agus a fheabhsú sna docharlaigh éagsúla ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Éilíonn an Chreat-treoir Uisce (CTU) (atá faoi láthair ag céim 2 (2018-2021)) go mbainfeadh gach docharlach san Eoraip amach stádas maith ó thaobh na héiceolaíochta de. I bPlean Bainistíochta Abhantrach an CTU, d'ordaigh an GCC gurbh é príomhchúram Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ná Craobh-aibhneacha na Dothra (Aibhneacha na Stéille agus na Deargaille) chomh maith le habhantrach Charraig Mhaighin.

Is comhpháirtithe iad Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas sa 'Dublin Urban Rivers Life Project' arna mhaoiniú ag an AE. Is tionscadal taispeána é seo ina bhfuil taighde á dhéanamh ar an gcóras is fearr chun truailliú uirbeach a laghdú in aibhneacha, agus feidhmiú an chórais seo a léiriú. I nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, dírionn an tionscadal isteach ar abhantrach Charraig Mhaighin.

Úsáidtear an tAcht um Thruailliú Uisce chun sceitheadh eisilteach trádála uisce a cheadúnú agus chun cionta truailithe uisce a ionchúiseamh. Déantar sampláil ar na srutháin ar fad sa Chontae go rialta.

Rinneadh iniúchtaí go rialta:

- Feirm
- Córas cóireála fuíolluisce teaghlaigh
- Ceangail Mhíchearta Teaghlaigh

Seirbhísí Uisce – Comhaontú Seirbhíse (SLA) le Uisce Éireann

Déanann an Rannóg Seirbhísí Uisce bainistíocht agus cothabháil ar na córais uisce phoiblí agus draenála bréantais sa chontae faoi réir an Chomhaontaithe Seirbhíse le Uisce Éireann agus i gcomhréir leis an bPlean Seirbhíse Bliantúil. Chomh maith leis sin, mar chuid den Chomhaontú Seirbhíse, cabhraíonn foireann Sheirbhísí Uisce Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le Uisce Éireann an bonneagar sa chontae don todhchaí a phleanáil. Tá sé sin riachtanach chun na Spriocanna Corparáideacha maidir le forbairt tithíochta agus tacaíocht a thabhairt do dheiseanna fáis ghnó sa chontae a bhaint amach.

Seirbhísí Iompair

An Rannóg Tráchtá

I measc príomhghníomhaíochtaí na Rannóige Tráchtá tá:

- Dearadh, tógáil agus uasghrádú líonra bóithre na Comhairle, feabhsú na n-acomhal agus bainistíocht tráchtá
- Bainistíocht an chórais tráchtsoilse (SCATS)
- Soláthar na Comharthaíochta & na Líneála Reachtúla
- Soláthar agus uasghrádú saoráidí do choisithe agus rothaithe ar fud an chontae agus feabhsú na saoráidí d'úsáideoirí bóithre maol-luaineachta agus d'úsáideoirí bóithre faoi mhíchumas

An Rannóg um Shábháilteacht ar Bhóithre & Iompar Inbhuanaitheach

Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin tiomanta do líon na n-imbhuailtí agus na dtaismeach ar bhóithre an Chontae a laghdú agus siúlóid, rothaíocht agus tiomáint shábháilte a chur chun cinn tríd an oideachas agus trí fheachtais shábháilteachta ar bhóithre:

An Rannóg Páircéala Íochta

Feidhmíonn an Chomhairle Scéim Páircéala Íochta ar roinnt bhóithre/i roinnt charchlós poiblí laistigh dá ceantar riaracháin. Oibrítear an scéim faoi Fhodhlíthe na Comhairle um Rialú páircéala 2007-2011.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

An Rannóg um Shábháilteacht ar Bhóithre & Iompar Inbhuanaitheach

- Rinneadh athbhreithniú ar Bhliain 4 den Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2015 go 2020
- Rinneadh Seirbhís na Maor Scoile a sholáthar le 73 maor lánaimseartha agus 13 mhaor cúltaca. Rinneadh oiliúint athnuachana sláinte agus sábháilteachta agus oiliúint oibrí aonair a sholáthar
- Reáchtáladh Seó Bóthair Shábháilteacht ar Bhóthair AXA sa Royal Marine i nDún Laoghaire an 14 agus 15 Deireadh

Fómhair. Bhí 2,267 dalta san iomlán ó 27 scoil i láthair in éineacht le 99 múinteoir

- Eagraíodh roinnt imeachtaí rothaíochta i rith “Sheachtain na Rothaíochta” i Meitheamh, lenar áiríodh “BikeFest” i bPáirc Chábán tSile, dhá Chlinic Cothábhála Rothair Phoiblí agus Comórtas Ealaíne do dhaltaí scoile
- Tugadh cúnaimh don Roinn Iompair, Turasoíreachta agus Spóirt chun an clár Oiliúna ‘Cycle Right’ a sheachadadh le haghaidh thart ar 1,500 dalta ó bhunscoileanna an Chontae
- Forbraíodh fodhlíthe agus tugadh isteach an club roinnte carranna “Car Club” sa Chontae in éineacht le GoCar
- I ndiaidh foilsíú na gclaochluithe atá beartaithe do bhealaí Bhus Átha Cliath faoin bPlean BusConnects, chuir an Rannóg Tráchtá agus Sábháilteacht ar Bhóithre aighneacht isteach ar son na Comhairle.

An Rannóg Tráchtá

Scéimeanna an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) - Scéimeanna curtha i gCrích:

- Rotharbhealach Bhóthar Chluain Sceach ag UCD
 - Rotharbhealach Bhóthar Bhaile na Manach
- Scéimeanna atá ag an gCéim Dearaidh nó atá le tosú go luath:
- Rotharbhealach Stigh Lorgan gar de UCD
 - Rotharbhealach Áth an Ghainimh go Lár na Cathrach (Nascbhóthar Dhroim Máirtín)
 - Scéim rothair N11/Bhóthar na Grúdlainne
 - Rotharbhealach LUAS Ghleann Bhríde (Coill na Silíní go Timpeallán Bhaile Uí Lachnáin)

Scéimeanna na Comhairle atá ar bun faoi láthair:

- Glasbhealach An Chraobhach go Baile Uí Ógáin
- Acomhail a ndearnadh uasghrádú orthu:
- Ascaill Foster/An Ascaill Thuaidh, Stigh Lorgan
 - Bóthar Chluain Sceach/Céide Wynnsward gar de UCD



Ag searmanas bronnta don Ghradam Inbhuanaitheachta Innealtóirí Éireann 2019 le haghaidh Chnoc na Raithní, tá John Burgess, ARUP; Dara O' Daly, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin; Ruairi O'Dulaing, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin; Edith Blennerhassett, ARUP, agus Eoin O'Brien, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Trasrianta coisithe suiteáilte:

- Sráidbhaile Áth an Ghainnimh ag Eastát Chill an Chroisire
- Bóthar Bhaile na nGabhar ag scoileanna Gharrán Mhuire
- Bóthar Chluain Sceach ag UCD
- Bóthar Sheanbhré ag Ólchobhar

Áirítear leis na Scéimeanna Sábháilteachta Bóthair agus Ríochta Poiblí a ndearnadh dul chun cinn ina leith:

- Creatphlean Gluaiseachta Cheantar Shráidbhaile Stigh Lorgan – Céim a hAon: Obair Thógála Críochnaithe agus Céim a Dó - Céim Dearaidh

An Rannóg Páirceála

- I gcomhpháirtíocht le Grúpa Mhíchumas agus Comhairliúcháin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, thug an Rannóg Páirceála íoctha isteach Scéim chun mí-úsáid bána páirceála do thiománaíthe faoi mhíchumas a thuairisciú i nDún Laoghaire. Rinneadh an scéim a leathnú amach go Dún Droma in 2019.
- Tháinig méadú ar úsáid Seirbhís Iocaíochta Páirceála gan Airgead Tirim na Comhairle, Clib Páirceála. Taifeadh 1,294,496 idirbheart in 2019. Is ionann é sin agus méadú 79,463 idirbheart ar an mblain roimhe

Cothabháil Bóithre

Déanann an Rannóg Cothabhála Bóithre cothabháil ar líonra thart ar 780 km de bhóithre de chatagóir éagsúla (náisiúnta, réigiúnach, áitiúil, srl.) chomh maith le thart ar 1,400 km de chosáin ar fud an Chontae. Maoinítear cuid an-mhór de chothabháil an líonra ó acmhainní Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is é Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) a sholáthraíonn an maoiniú le haghaidh cothabháil bóithre náisiúnta. Ó thaobh líonra bóithre mótarbhealach an M50 agus an M11, déanann an BIÉ é sin a bhainistiú agus a mhaoiniú agus déanann Conarthaí Lámhaltais Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (CPP) M50 (i gcás an chuid is mó den M50) nó Conraitheoir Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí an líonra a chothabháil.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Clár Athdhromchlaithe Bóthair – mar thoradh ar Mhóroibreacha (An Clár ‘Bóithre’) rinneadh fad bóthair thart ar 4.5 km a atógáil/athdhromchlú.
- Clár Athdhromchlaithe Bóthair – mar thoradh ar Mhionoibreacha (An Clár ‘Paisteála’) rinneadh fad bóthair thart ar 12,500 méadar cearnach a atógáil/athdhromchlú, nó coibhéis thart ar 2km bóthair.
- Cuireadh i gcrích Clár Uasghráidithe Cosán ar fhad thart ar 5 km de chosáin.
- Rinneadh Deisiúchán ar Dhraenacha agus ar Gháitéir chun fadhbanna fadtéarmacha tuile a réiteach ag 6 shuíomh ar fud an chontae.
- I gcomhar leis an Roinn Pobail agus Forbartha Cultúrtha, cuireadh i gcrích 3 uasghráidí in Eastáit a bhfuil Fóraim Bainistíochta Eastáit acu.
- Cuireadh i bhfeidhm Clár Oibreacha Inrochtaineachta ag 3 shuíomh in 2019 chun cúnaimh a thabhairt do dhaoine aonair dúshlán luaineachta a shárú.
- Oibríodh i gcomhar leis an Rannóg Tráchtá agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun uasghráidí ar dhromchla bóthair, lánáí rothair agus aomhail ar Ascaill an Gharráin Chnó a chur i gcrích, rud a chruthaigh múnla a bhfuil an Chomhairle ag súil lena úsáid arís do thionscadail eile amach anseo agus a bhfuil tacaíocht faighte aige ón ÚNI.

Rialú Bóithre

Tá an tAonad Rialaithe Bóithre freagrach as rialú agus bainistiú oibreacha bóthair ar fud an chontae, d’fhonn tionchar oibreacha bóthair ar an sruth tráchtá a choinneáil íseal agus an tsábháilteacht phoiblí a chinntiú. Déantar gach iarratas ar Cheadúnais Oibreacha Bóthair a dhéanann Fóntais Phoiblí, forbróirí agus conarthóirí tríd an gCóras Náisiúnta ‘Maproad Roadworks Licensing’ (MRL) ar líne.

Chomh maith leis sin, próiseálann an tAonad Rialaithe Bóithre iarratas ar Cheadúnais Athdhromchlaithe, lena n-áirítear ceadúnais do chlártaigh, scafalra, scipeanna bruscair agus ceadúnais d’uailaigh neamhghnácha.

Cuireann an tAonad Rialaithe Bóithre an clár oibreacha deisiúcháin athchóirithe buan i bhfeidhm ar son Uisce Éireann/Seirbhísí Uisce mar a aontaíodh faoin gComhaontú Seirbhíse reatha.



An Comhairleoir Deirdre Donnelly, Leaschathaoirleach, ag glacadh leis an nGradam Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil 2019 le haghaidh Gairdín Cois Farráige Otranto.

Ag baint leas as na muirir ‘tionchair fhadtéarmaigh’, cuireann an tAonad Rialaithe Bóithre i gcrích oibreacha athchóirithe ar bhóithre agus ar chosáin a bhfuil imithe in olcas go díreach mar gheall ar athchóiriú dromchlaí bóthair a rinne fóntais phoiblí nó forbairtí príobháideacha chun sástacht na Comhairle.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Próiseáladh agus eisíodh 2,223 Ceadúnas Oscailte Bóithre.
- Próiseáladh agus eisíodh 54 Ceadúnas Athdhromchlaithe.
- Cuireadh i gcrích 422 athchóiriú dromchlaí bóthair ar son Uisce Éireann/Seirbhísí Uisce Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin faoin gComhaontú Seirbhíse.
- Cuireadh i gcrích oibreacha athchóirithe dromchlaí bóthair mórsála ag O’Callahan’s Lane, Dún Laoghaire, Céide Uí Chuinneagáin, Deilginis.

Soilsiú Poiblí

Tá an Rannóg Soilisithe Poiblí freagrach as an soilsiú sráide ar fad ar bhóithre, lánáí agus cosáin atá tógtha i seilbh ag an gComhairle. Déanaimid cothabháil ar níos mó ná 23,500 solas agus tá an líon seo ag fás gach bliain agus muid ag tógáil i seilbh eastát agus bóithre. I dteannta leis an gcothabháil laethúil seo, tá clár uasghráidithe leanúnach ar bun ar cholúin, bracanna, líonraí agus díchúpláil líonraí fotha dhíreach.

Déanann an Rannóg Soilisithe Poiblí an Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha a bhainistiú freisin do pháirceáil sráide atá suiteáilte agus/nó á cothabháil ag an gComhairle. Táimid ag obair i gcomhar le húdaráis áitiúla eile i réigiún Bhaile Átha Cliath chun roghanna a fhorbairt maidir le straitéis phoiblí do bhonneagar luchtaithe Feithiclí Leictreacha (EV) i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tá iniúchadh agus athbhreithniú ar bun maidir le húsáid bonneagair soilisithe phoiblí chun cur i bhfeidhm na gcóras Chathair Chliste a éascú agus tá trialacha maidir leis seo á ndéanamh go leanúnach i gCeantar Gnó Áth an Ghainnimh.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Rinneadh laindéir LED ardéifeachtúla a chur in áit 4,662 laindéir den ghnáthchineál in 2019.
- Tá uasghráidí chuig LED déanta anois ar 54% de shoilsiú poiblí na Comhairle, agus laghdáidh úsáid agus costais fuinnimh tuilleadh dá bharr.
- Tá ár spriocanna á mbaint amach againn chun go mbeimid in ann 33% níos lú fuinnimh a úsáid faoi 2020 mar atá leagtha síos ag an Rialtas.

- Tá an Rannóg Soilsithe Poiblí ar an mbóthar ceart chun an gealltanais a chomhlíonadh maidir leis an bhfuinneamh a úsáideann soilsiú poiblí a laghdú 50% faoi 2030.
- Cuireadh 3 luchtair EV poiblí breise i bhfeidhm.
- Cuireadh i gcrích suirbhé agus mapáil líonra pointe luchtaithe i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Glantachán agus Tránna

Soláthraíonn an Rannóg Glantachán agus Tránna seirbhísí atá dírithe ar ghlanadh agus ar shlachtú bóithre, sráideanna, agus láithreacha poiblí. Chomh maith leis sin, déanann an Rannóg cothabháil ar thránna agus láithreacha snámha. Déanann an Rannóg monatóireacht freisin ar cháilíocht uisce snámha i gcaitheamh na bliana go léir, le béim ar leith ar shéasúr snámha an tsamhraidh

Cuireann an rannóg ar fáil réimse leathan seirbhísí, lena n-áirítear:

- Scuabadh bóithre, cosán, lánáil agus rothar-raonta
- Píocadh bruscair
- Bainistiú na seirbhíse araidí sráide
- Cothabháil 22,000 gáitéar chun draenáil bóithre éifeachtach a chinntiú
- Bainistiú glantachán mórsála tar éis stoirmeacha
- Seirbhís freagartha ar thuilte a sholáthar
- Dumpáil mhídhleathach a bhainistiú
- Srianadh fiailí ar bhóithre agus sráideanna
- Bainistiú tránna agus láithreacha snámha, lena n-áirítear bainistiú áiseanna loingseoireachta
- Seirbhís garda tarrthála ag tránna Chill Iníon Léinín, Rinn na Mara agus Cuas an Ghainnimh i rith an tséasúir shnámha
- Monatóireacht agus Bainistíocht a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce Snámha
- Leithris phoiblí a bhainistiú
- Rannpháirtíocht leanúnach leis an bpobal snámha agus le Grúpaí Bailte Slachtmhara, Cumainn Chónaitheoirí, srl.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Rinneadh an tionscnamh 'Deep Clean' a rith ar bhonn píolótach in 2019 agus cuireadh i gcrích go rathúil é i sráidbhailte na Céime, Sheanchille, an Bhaile Bhric agus Chabán tSíle.
- Rinneadh glanadh forleathan fiailí agus cosán i gceantair an Bhaile Bhric faoi thionscadal athnuachana áitiúil.
- Scuabadh 700 km de bhóithre agus 1,400 km de chosáin.
- Cuireadh i gcrích thart ar 41,950 bailiúchán araidí sráide i rith na bliana.
- Tugadh tacaíocht d'os cionn 300 glantachán deonacha.

Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha

Tá an tSeirbhís Páirceanna agus Tírdhreacha freagrach as os cionn 1,200 heicteár Páirceanna agus Spás Oscailte. Tá 6 Pháirc Réigiúnacha ann, lena n-áirítear Páirc Mharlaí, Páirc Chabán tSíle, Páirc Chnoc na Raithní, Páirc na Carraige Duibhe, Páirc Chnoc Chill Iníon Léinín agus Páirc an Phobail.

Cuimsíonn bainistíocht agus cothabháil na rudaí seo a leanas: an clár cúraim crann bliantúil trína ndéantar ceanbhrat crann na Comhairle a mhéadú; an clár cothabhála tírdhreacha; cothabháil áiteanna súgartha; soláthar agus cothabháil scéimeanna plandála inbhuanaithe agus glasaithe shibhialta; bainistiú

agus soláthar gairdíní pobail; cothabháil áiseanna spóirt, lena n-áirítear páirceanna imeartha féaracha; páirceanna uile-aimsire agus clubthithe; soláthar seomraí tae páirceanna arna n-oibriú faoi chonarthaí lamháltais srl. Déantar páirceanna nua agus páirceanna atá ann cheana a mháistirphleanáil agus a dhearadh go rialta tríd an gclár caipitiúil páirceanna.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Leathadh amach tionscnaimh ar fud an chontae le daoine a spreagadh gan an féar a ghearradh chomh luath sin agus le plandú atá báuil do phailneoirí a dhéanamh
- Cur i gcrích Pháirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní (Céim 1).
- Bhaineamar Gradam Inbhuanaitheachta Innealtóirí Éireann 2019 as Straitéis Forbartha Inbhuanaitheachta Chnoc na Raithní
- Ghlac na Comhairleoirí le Máistirphlean nua le haghaidh Páirc Sheangánaí
- Líonadh na haonaid i gClós Ceardlanna Mharlaí
- Gradaim Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil 2019, an chatagóir an Timpeallacht Uirbeach a Fheabhsú do Ghairdíní Cois Farraige Otranto
- Soláthar páirc nua ag Bóthar Hudson i nGlas Tuathail
- Pailliún leadóige nua-aimseartha ag Páirc Chnoc an Fhuaráin

Reiligi

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag bainistiú adhlacthaí ag Reiligi Gráinseach an Déin agus Sheangánaí. Bíonn foireann mhaoirsithe lonnaithe ag an dá reilig, agus tá an ceannaras riaracháin agus seirbhís do chustaiméirí lonnaithe ag Gráinseach an Déin.

Bhí an Córas Bainistíochta Reilige beo ar líne ó Iúil 2018 ar aghaidh. Tá taifid adhlactha reiligi Ghráinseach an Déin agus Sheangánaí ar fáil ar líne anois ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Cuireadh tús leis an gcéad chéim eile den tionscadal, is é sin mapáil agus grianghraf a ghlacadh de láithreacha uaigne. Tá an obair seo ar bun anois go leanúnach.

Imeachtaí Dhún-Laoghaire-Ráth an Dúin

Sholáthraigh an Rannóg Imeachtaí réimse mór imeachtaí i bPáirceanna arís in 2019. Tá an-tóir ar na himeachtaí seo, agus d'fhreastail go leor daoine orthu sna láithreacha ar fad.

D'óstáil Páirc Mharlay an Féile Longitude thar thrí lá in Iúil. Chomh maith leis sin, d'óstáil an Pháirc an Fhéile úrnua Ceol Traidisiúnta & Teanga, NASC.



An Balla Colmlainne - Gráinseach an Déin

Forbairt Spóirt i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin

Forbairt Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

In 2019, lean an Oifig Forbartha Spóirt ar aghaidh de bheith ag seachadadh agus ag fobairt a Clár Forbartha Spóirt ar fud an Chontae, clár a chuimsigh an Scéim Rochtana Spóirt agus deontais uilíocha.

Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

In 2019, d'eagraigh agus sheachadadh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin réimse leathan cúrsaí oiliúna, ceardlann agus clár gníomhaíochtaí coirp spriocdhírthe do gach aoisghrúpa, leibhéil chumais agus cineálacha spóirt. Ag obair le clubanna spóirt áitiúla agus le réimse gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, ghlac beagnach 9,100 duine páirt sna gníomhaíochtaí seo i rith na bliana.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

- Oideachas cóitseála trí chomhpháirtíochtaí: FAI – ghlac 325 cóitseálaí páirt i 'Kick-start' 1 & 2, sna ceardlanna 4 x 4, Láidreacht & Aclú. Rugbaí Laighean – ghlac 426 cóitseálaí páirt i gceardlanna teicniúla & i Mionchúrsaí Cóitseála.
- Trí chomhpháirtíocht na Comhairle leis an FAI, Rugbaí Laighean & Clár Scoileanna Chruicéad Laighin, tá thart ar 14,000 rannpháirtí i mbunscoileanna agus 1,900 i meánscoileanna ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Cláir & Imeachtaí Rannpháirtíochta Spriocdhírthe (6,700 duine rannpháirteach)
- Oiliúint & Forbairt d'Oibríthe Deonacha i gClubanna (917 oibrí deonach)
- Tionscnaimh Ionchuimsitheachta Spóirt do dhaoine faoi mhíchumas (467 duine rannpháirteach)
- Mol Spóirt & Gníomhaíochtaí Fisiciúla Bhaile Uí Ógáin (1,010 duine rannpháirteach)
- Fóram Spóirt – tionóladh trí chruinniú in 2019, a bhí dírithe ar rannpháirtíocht, ionchuimsiú agus árachas clubanna.

An tSeirbhís Oidhreachta

Tá ag éirí thar cionn leis an gClár Turais Oidhreachta i gcónaí leis na scoileanna áitiúla, grúpaí oidhreachta agus grúpa pobail áitiúla, agus tá an clár ag mealladh cuairteoirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta eile freisin.

Mheall na cláir 'Winter of Heritage, Spring into Heritage and Summer of Heritage' níos mó ná 40,000 cuairteoirí in 2019. Bhí Teach Mharlaí lán go doras don tSraith Léachtanna Oidhreachta Geimhridh.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

In 2019, rinneadh 100 bliain Chill an Chroí Rónaofa i nDún Laoghaire a cheiliúradh.

Bithéagsúlacht

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

D'eagraigh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin imeachtaí míosúla lenar áiríodh siúlóidí ialtóige, amharc éan, siúlóidí sealgaireachta agus fionnachtain lochán carraige.

Chuir roinnt ceardlanna oiliúnt ar fáil d'fhoireann na Comhairle agus don phobal maidir le Seirbhísí Éiceachórais, Éici-innilt (Eco grazing), agus Monatóireacht a dhéanamh ar Speicis Ionracha agus ar Bhumbóga.

Don tSeachtain Bithéagsúlachta, sholáthraigh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin beochan nua chun na tairbhí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a mhíniú, agus eagraíodh oíche faoi chonair fiadhúlra agus gníomhaíocht eachtraíochta ar feadh Abhainn Ghleann Bhríde chun an madra uisce faiteach a fheiceáil.



An Comhairleoir Deirdre Donnelly, Leaschathaoirleach, agus na Gradaim Brait Ghlais 2019 i ngreim lámhe aici

Sa samhradh, bhíomar ar an gcósta ag baint sásaimh as an radharc ar speiceas gheabhróige cosanta, agus ar na chéad neaduithe rathúla a rinne an gheabhróg Artach riamh ar Oileán Dheilginise. Sholáthraigh Dún Laoghaire agus Cairde Éanlaith Éireann oíche eolais ar Oileán Dheilginise don tSeachtain Oidhreachta.

Le linn an ama sin, bhí na moinéir ar fud an chontae faoi bhláth le bithéagsúlacht a bhuí leis an obair a rinne ár nDroimeanna innilte geimhridh, ar pór neamhchoitianta eallaigh é.

Sa samhradh, leanamar ar aghaidh gnáthóga tábhachtacha a mhapáil ar fud an chontae, lenar áiríodh plandaí neamhchoitianta. Agus an geimhreadh ag druidim linn, tháinig ár n-éin gheimhrithe leis. Chaitheamar na laethanta fliucha agus gaofara ag breith ar ghéanna chun gléasanna gps a chur ar éin aonair agus a ngluaiseachtaí a rianú sa chontae. Eagraíodh imeacht teaghlaigh Rianaithe Ainmhithe i gCoill Mhic Shiomóin.

Agus muid taobh istigh arís, thionólamar ár gcruinniú maidir leis an bPlean Bithéagsúlachta agus rinneamar clabhsúr a chur ar an mbliain trí bhreathnú ar éin i bPáirc Chill Bheagóige.

Aonaigh na Comhairle Contae

Bíonn trí aonach de chuid na Comhairle Contae ar siúl i bPáirc an Phobail ar an Domhnach agus i bPáirc Mharlay ar an Satharn agus Domhnach. Bíonn thart ar 109 stáinín ann agus fostaíonn na stáiníní seo thart ar 250 duine. Bunaíodh Aonaigh na Comhairle Contae chun gnólachtaí beaga atá ag teacht chun cinn a spreagadh, ardán a chur ar fáil don ghluaiseacht bia áitiúil agus áit a chur ar fáil chun go mbeidh daoine den phobal in ann cruinniú le chéile i dtimpeallacht bhríomhar.

Bainistíocht Flít

Tá an rannóg flít dírithe ar fhliú nua-aimseartha, cost-éifeachtúil agus tiosach ar fhuinneamh a sholáthar a chomhlíonann riachtanais oibríochta na Comhairle.

Ritheann foireann thiomnaithe an rannóg flít, agus déanann sí teagmháil le soláthraithe maidir le léasú, fruiliú agus ceannach flít.

Chun freastal ar an líon níos mó feithiclí leictreacha sa bhflít, tá 33 pointe luchtaithe curtha isteach ag an gComhairle ar fud an chontae, agus tá 12 díobh sin in áiteanna atá inrochtana don phobal. Chun tiomantas na Comhairle don éifeachtúlacht fuinnimh a fhíorú, agus ag breathnú i gcomhréir le fíis fhadtéarmach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó thaobh an athraithe aeráide de, tá sé i gceist ag an rannóg flít leanúint ar aghaidh de bheith ag aithint tionscnamh nua chun feidhmíocht fhliú Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fheabhsú.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Le dhá bhliain anuas, tá clár athsholáthair flit á chur i bhfeidhm ag an gComhairle, lenar áiríodh ceannach 28 feithicil nua, 17 díobh atá 100% leictreach.
- Le seoladh an MyMobilityHub, tá ardán ar líne ar fáil don fhoireann chun cabhrú leo roghanna iompair inbhuanaithe a ghlacadh nuair atá siad i mbun gnó don Chomhairle.
- Cuimsíonn an t-ardán áis áirithinte do seirbhís comhroinnte carranna na Comhairle, agus do rothair leictreacha agus roghanna iompair phoiblí.
- Suiteáladh 33 pointe luchtaithe ar fud an chontae

An Cuan

Tá 15 bhall foirne fostaithe go díreach ag Rannóg an Chuain, sa bhainistíocht, riarachán, cothabháil agus slándáil. Tá foireann an Chuain freagrach as:

- Bainistiú Soitheach laistigh den Chuan, nó soithigh atá ag an mbealach isteach go dtí an Cuan
- Bainistiú na gComharthaí Loingseoireachta
- Bainistiú na ngníomhaíochtaí uisce a tharlaíonn laistigh den Chuan (Loingseoireacht/Iascaireacht/Seoltóireacht/Spóirt Uisce)
- Bainistiú múrálacha agus áiseanna stórála bád
- Bainistiú Shlándáil an Chuain agus ceisteanna slándála
- Forfheidhmiú Fhodhlíthe an Chuain
- Bainistiú agus cothabháil réadmhaoin an Chuain agus idirghabháil le tionóntaí
- Bainistiú agus cothabháil bhonneagar an Chuain, céanna, bóithre, srl.
- Bainistiú agus forfheidhmiú na páirceála laistigh den Chuan

- Bainistiú Imeachtaí agus Scannánú laistigh den Chuan
- Bainistiú teacht isteach, fáiltiú agus lóistíocht Long Crúsála
- Glantachán, bruscar, boscaí bruscair agus scuabadh bóithre laistigh den Chuan
- Feidhmeanna riaracháin agus airgeadais a mbaineann leis an gCuan

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Comhtháthú

- Rinneadh Foireann Airgeadais an Chuain a comhtháthú isteach sa roinn Airgeadais.
- Rinneadh Foireann Riaracháin an Chuain a comhtháthú isteach sna Seirbhísí Bardasacha

Imeachtaí/Crúsáil

- Tumadóireacht d'Aill Red Bull - Bealtaine
- Ceolchoirm MCD - Meitheamh
- Sorcas / Aonach Siamsaíochta / Bingo Loco
- Ceolchoirm Beat Yard - Lúnasa
- Ironman 70.3 - Lúnasa
- Cóisir Chorparáideach an tSamhraidh
- Cóisirí Corparáideacha na Nollag
- Gníomhaíochtaí Scannánaíochta Suntasacha

Bonneagar

- Cuireadh i gcrích Céim 1 de Dheisiúcháin Stoirm Emma - Taobh Tíre na Cé Thoir
- Cuireadh tús le Céim 2 de Dheisiúcháin Stoirm Emma - na Céanna Thoir agus Thiar, taobh na Farraige.
- Concréit dheisithe - an Badchlós Poiblí.




Uasghrádú ar Bhóthar Bhaile na Manach



Oibreacha Cothabhála Bóthair chun Inrochtaineacht a Fheabhsú, Baile an tSaoir

Pleanáil

Glacadh le Plean
Ceantair Áitiúil
Bhaile Uí Ógáin &
AN CHEANTAIR
Máguaird

459 
Iarratais
Réamhphleanála

1,844
IARRATAS PLEANÁLA
ALT 34

Ranníocaíochtaí Forbartha Bailithe

€20M

Scéim Alt
48




€2.9M

Scéim Ghleann
na Muc



€3.3M

Tobhach
Luas



183 Teach & **24** Bloc Árasán – Iniúchtaí
Rialaithe Foirgníochta



Fuarthas

150 Iarratas ar Theastais
Rochtana do Dhaoine
Faoi Mhíchumas.

Teastais Rochtana do
Dhaoine Faoi Mhíchumas Eisithe. **114**

FUARTHAS

215 

IARRATAS AR DHEIMHNIÚ
SÁBHÁILTEACHTA Ó DHÓITEÁN

Tá an roinn Pleanála freagrach as cur i bhfeidhm fhorálacha na nAchtanna Pleanála & Forbartha 2000 (arna leasú), na Rialachán Pleanála & Forbartha 2001 (arna leasú), an Achta um Rialú Foirgníochta 1990 (arna leasú) agus na Rialachán um Rialú Foirgníochta agus reachtaíocht ghaolmhar a bhaineann le ceisteanna Pleanála.

Tá obair na Roinne roinnte ina ceithre réimse éagsúla seachadta. Go príomha, leagtar iad faoin reachtaíocht agus tacaíonn na Seirbhísí Roinne leo:

- Pleanáil Chun Cinn
- Bainistíocht Forbartha
- Bainistíocht Talún Ghníomhach
- Rialú Foirgníochta
- Seirbhísí Roinne

Pleanáil Chun Cinn

Is é príomhról na rannóige seo ná:

- Ceantar Áitiúil - Cuid II, Caibidil II den Acht
- Plean Forbartha an Chontae Cuid II Caibidil I den Acht
- Teagmháil leanúnach leis an Tionól Réigiúnach i dtaca le hullmhú agus cur i bhfeidhm na Straitéise Réigiúnaí Spásúlachta agus Eacnamaíochta, SRSE
- Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS)

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Pleananna Limistéir Áitiúil

- Ag a cruinniú ar an 1 Iúil 2019, ghlac an Chomhairle le Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin agus an Cheantair Máguaird.
- Cuireadh tús le Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do Sheanchonach a ullmhú
- Lean an obair ar aghaidh chun Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do Dhún Droma a ullmhú

Pleananna Forbartha Contae

- Thosaigh an réamhbairt ullmhúcháin ar athbhreithniú an Phlean Forbartha Contae in 2019 agus eagraíodh ceardlann inar ghlac baill páirt ann maidir le próiseas an Phlean Forbartha.

SRSE (Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta)

- Rannpháirtíocht leanúnach i gceardlanna réigiúnach agus aighneachtaí curtha isteach maidir le dréacht na SRSE agus an PSMU (Plean Straitéiseach an Mhórcheantair Uirbigh) chun béim a chur ar na deiseanna agus ceisteanna faoi bheartas a bhaineann go saineúil le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin

Nithe Ilchineálacha

- Rinneadh dul chun cinn ar Mháistirphlean Chuan Bhlóic/Áth an Ghainimh

Bainistíocht Forbartha

Is é príomhról na rannóige seo ná:

- Alt 247 den Acht a réamhphleanáil;
- Iarratais phleanála (Lena n-áirítear Forbairt Tithíocht Straitéiseach, iarratais phleanála - Alt 34 den Acht),

- Bailiúchán na Ranníocaíochtaí Forbartha
- Iarratas ar fhorbairt Dhíolmhaithe – Alt 5 den Acht & Tagairt don díolúine um chónaí os cionn an tsiopa, na Rialacháin maidir le léasú Gearrthéarmach, Iúil 2019.
- Forfheidhmiú Cuid VIII den Acht
- Tógáil i Seilbh – Alt 180 den Acht

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Réamhphleanáil

- Ba é 459 an líon iarratas réamhphleanála a tugadh comhairle ina leith in 2019
- Tionóladh 47 cruinniú réamhphleanála leis an mBord Pleanála in 2019 maidir le Forbairt Tithíochta Straitéiseach

Iarratais ar Fhorbairt

- Ba é 1,844 líon na n-iarratas Pleanála Alt 34 a fuarthas in 2019
- Ba é 1,581 líon na gcinntí Alt 34 a rinneadh in 2019, lenar áiríodh 163,680 m² de spás úrláir tráchtála agus 2,159 aonad cónaitheach.
- Ba é 22 líon na n-iarratas ar Fhorbairt Tithíochta Straitéiseach (FTS) a fuarthas in 2019; is ionann é sin agus 20% de na hiarratais FTS a fuarthas go náisiúnta.
- Ba é 20 líon na n-iarratas ar Fhorbairt Tithíochta Straitéiseach a ndearnadh measúnú orthu in 2019.

Ranníocaíochtaí Forbartha

- Chuathas i mbun 51 comhaontú d'Fhorbairtí Móra in 2019
- Na méideanna a bailíodh in 2019
 - Scéim Alt 48- €20m.
 - Scéim Ghleann na Muc - €2.9m
 - Tobhach an Luas- €3.3m.
- Glacadh 40 cás forfheidhmiúcháin de bharr neamhíocaíocht ranníocaíochtaí airgeadais
- Cuireadh tús le hAthbhreithniú Scéim Alt 48

Forbairt Dhíolmhaithe

- Líon na n-iarratas Alt 5: 89
- Líon na gCinntí Alt 5: 103
- Líon na n-iarratas um chónaí os cionn an tsiopa: 9
- Fuarthas 45 Díolúine Foirm 15 maidir le léasú gearrthéarmach in 2019

Forfheidhmiú

- Eisíodh 3 Litir Rabhaidh faoi na Rialacháin maidir le Léasú Gearrthéarmach in 2019
- Rinneadh líon iomlán 447 Litir Rabhaidh a eisiúint i rith 2019
- Rinneadh 36 Fógra Forfheidhmiúcháin a Eisiúint

- Tionscnaíodh 19 n-ionchúiseamh
- Níor tionscnaíodh aon imeacht urghaire
- Rinneadh 458 comhad a dhúnadh i rith 2019

Tógáil i Seilbh:

- Tógadh 2 eastát i seilbh in 2019
- Cuireadh tús leis an athbheithniú ar ár bpróiseas tógáil i seilbh

Bainistíocht Talún Ghníomhach

Is é príomhról na rannóige seo ná:

- Tascfhórsa Tithíochta – ag éileamh monatóireachta agus tiomsaithe
- Clár na Láithreán Tréigthe – An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015.
- Teagmháil leanúnach le comhlachtaí Reachtúla, lena n-áirítear Uisce Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS), an Roinn Oideachais agus eile
- Tá staidéir ag dul ar aghaidh maidir leis gCiste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach (CFAU)

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

An Tascfhórsa Tithíochta

- Déantar torthaí ón tascfhórsa tithíochta, ina mapáiltear dul chun cinn na forbartha ceadaithe ar láithreáin a bhfuil os cionn 10 naonad iontu, a thabhairt ar bhonn ráithiúil agus

déantar iad a thuirisciú chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus sa Tuairisc Bainistíochta Ráithiúil

Láithreáin Thréigthe

- Faoi láthair, aithnítear 17 suíomh i gclár na láithreán tréigthe
- Rinneadh 23 suíomh a achomharc chuig an mBord Pleanála agus rinneadh 14 díobh sin a bhaint den chlár

Rannpháirtíocht le Comhlachtaí Reachtúla

- Bhí rannpháirtíocht leanúnach ann le Comhlachtaí Reachtúla le cinntiú go mbeidh bonneagar tacaíochtaí dóthanach ag an gcontae chun a riachtanais reatha agus todhchaí a chomhlíonadh.

An Ciste Forbartha agus Athghiniúna Uirbí (CFAU)

- Chuathas i mbun oibre leis an Roinn Airgeadais agus Forbartha Geilleagraí agus le Foireann Chuan Dhún Laoghaire maidir le hullmhú na tairisceana do na staidéir ar Dhún Laoghaire a cuireadh isteach i R 4 2019.
- Chuathas i mbun oibre leis an Roinn Pobail agus Cultúir maidir le seachadadh staidéar áiseanna Pobail, Cultúrtha agus Sibhialta Dhún Droma in éineacht leis na comhairleoirí saincheaptha. Dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2019

Rialú Foirgníochta

Is é príomhról na rannóige seo ná:

- Comhlíonadh na nAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 - 2007 agus na Rialacháin um Rialú Foirgníochta 1997 to 2018 a chinntiú



Grianghraf de Thithíocht Cualanor le Imageworks Photography ar son Cosgrave Group



Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin agus an Cheantair Máguaire 2019 - 2025

- Iniúchtaí
- Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a Eisiúint
- Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán a Eisiúint

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Rinneadh iniúchadh ar 183 Teach agus 24 Bloc Árasáin
- Fuarthas 150 iarratas ar Theastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Eisiódh 114 Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Fuarthas 215 iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán.
- Rinneadh 164 cinneadh ar Iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán.

Feabhsuithe ar na Seirbhísí Roinne

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

Ár mbainistíocht sonraí a athrú ó bhonn:

- Ba é an chéad chéim sa chlár athraithe ó bhonn laistigh den phleanáil a tharla in 2019 ná os cionn 160,000 doiciméad a aistriú chuig córas nua bainistíochta doiciméad i gcomhar leis an Roinn TF. Tabharfaidh sé seo bealach nua comhoibríthe dúinn agus is gluaiseacht i dtreo na ríomhphleanála í.

Ár gcumas córais faisnéise geografáil (GIS) a mhéadú

- Tabhairt isteach Aipeanna gréasáin agus fón póca chun sonraí spásúla a bhailiú, a nuashonrú agus a dheimhniú don phlean forbartha.
- Anailís GIS a úsáid chun cinnteoireacht ar bhonn fianaise a fheabhsú; anailís spásúil ar infhaighteacht talún, anailís líonra ar inrochtaineacht iompair, srl.
- Lean an obair ar aghaidh ar an aistriú chuig modúil GIS nua comhtháite ar mhórán feidhmeanna sa chóras APAS.
- Úsáid mhéadaithe de scéalmhapaí agus de mhapaíl ghréasáin chun an chumarsáid le custaiméirí a fheabhsú.

An tseirbhís a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí a fheabhsú

- Suíomh gréasáin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a úsáid chun cumarsáid ghníomhach a bheith againn lenár gcustaiméirí
- Ár bhfaisnéis rochtana maidir le custaiméirí a fheabhsú i dtaca le hlarratais Phleanála trínár mapa feidhmeanna ar líne a nuashonrú
- Ba é 4,642 líon na gcustaiméirí ar freastalaíodh orthu ag an gCúntar Pleanála in 2019

Coistí um Limistéir Seirbhíse agus Cruinnithe na Comhairle

RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2019

	Nótaí	2019 €	2018 €
Sócmhainní Seasta	1		
Oibríochtúil		1,446,490,678	1,402,143,998
Infreastruchtúrach		1,772,437,956	1,777,660,038
Pobal		57,936,539	58,093,819
Neamhoibríochtúil		102,941,284	102,941,284
		3,379,806,457	3,340,839,139
Obair idir Lámha agus Réamhchostais	2	34,323,448	32,359,140
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	117,618,036	87,471,818
Sócmhainní Reatha			
Stoc	4	842,687	790,672
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	58,205,965	31,642,591
Infheistíochtaí Bainc		223,777,517	197,019,090
Airgead tirim ag an mBanc		320,875	-
Airgead Tirim faoi Bhealach		64,740	1,320,667
		283,211,784	230,773,019
Dlíteanais Reatha			
Rótharraingt Bainc		-	311,904
Creidiúnaithe & Fabhruithe	6	93,888,492	58,286,467
Léasanna Airgeadais		-	-
		93,888,492	58,598,370
Glansócmhainní / (Dlíteanais) reatha		189,323,292	172,174,649
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	7	146,679,713	119,256,883
Léasanna Airgeadais		-	-
Éarlaisí In-aisíoctha	8	36,822,957	33,816,206
Eile		28,638,308	11,624,834
		212,140,979	164,697,923
Glansócmhainní / (Dlíteanais)		3,508,930,254	3,468,146,823
Arna Léiriú ag			
Caipitliú	9	3,379,806,457	3,340,839,139
Ioncam maidir le hObair idir Lámha	2	31,162,260	29,068,093
Cúlchiste Ioncaim Sonrach		12,033,190	-
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		8,735,240	9,787,717
Iarmhéideanna Eile	10	77,193,108	88,451,874
Cúlchiste Iomlán		3,508,930,254	3,468,146,824

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS FAOIN gCUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2019

Tugann an Ráiteas faoin gCuntas Ioncaim agus Caiteachais le chéile an t-ioncam ar fad a bhaineann le hioncam agus caiteachas.

Léiríonn sé an barrachas/(easnamh) don bhliain.

Leithdháileann Nóta 16 aistrithe de réir rannán seirbhíse sa bhformáid chéanna is atá i dTábla A den bhuiséad Údarás Áitiúil a glacadh.

	Nóta	Ollchaiteachas 2019 €	Ioncam 2019 €	Glanchaiteachas 2019 €	Glanchaiteachas 2018 €
Caiteachas de réir Rannáin		€	€	€	€
Tithíocht agus Foirgníocht		41,677,571	37,997,343	3,680,228	1,431,289
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht		29,194,344	12,377,687	16,816,658	16,141,165
Seirbhísí Uisce		11,683,347	8,014,859	3,668,487	2,211,171
Bainistíocht Forbartha		19,647,345	5,633,228	14,014,117	11,720,170
Seirbhísí Comhshaoil		29,347,474	7,345,705	22,001,768	21,767,642
Áineas & Taithneamhacht		33,298,035	5,624,165	27,673,870	25,756,941
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas		5,605,298	5,211,763	393,535	244,742
Seirbhísí Ilchineálacha		8,592,452	8,867,193	(274,741)	(1,359,543)
Caiteachas/Ioncam iomlán	15	179,045,866	91,071,943		
Glanchoistas an Rannáin le cistiú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				87,973,922	77,913,578
Rátaí				84,875,186	82,877,520
Cáin Mhaoine Áitiúil				10,743,340	10,741,329
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh an Aistriú				7,644,604	15,705,272
Aistrithe ó/(chuig) an gCúlchiste	14			(8,697,082)	(15,689,456)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain	16			(1,052,478)	15,816
Cúlchiste Ginearálta amhail ar an 1 Eanáir				9,787,717	9,771,902
Cúlchiste Ginearálta amhail ar an 31 Nollaig				8,735,240	9,787,717

AGUISÍN 1

BAINISTÍOCHT/FEASACHT FUINNIMH

Is é Ailtire an Chontae an tOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh ainmnithe do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Comhordaíonn Roinn na nAiltirí an Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO5000, arb ionann a scóip agus an úsáid fuinnimh atá faoi rialú Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Cuireann an Fhoireann Fuinnimh thras-rannach tionscadal chun cinn agus i bhfeidhm chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 33% ón mbonnbhliain in 2009 go dtí deireadh 2020. Is iad an Roinn Bardasach (soilsiú poiblí, flít), an Roinn Pobail agus an Roinn Gnóthaí Corparáideacha is mó a úsáideann fuinneamh. Déantar bainistíocht ar chomhlíonadh na nIonstraimí Reachtúla i dtaca le Fuinneamh, lena n-áirítear Dearadh atá Tíosach ar Fuinneamh agus Teastais Fuinnimh Taispeána (DEC). Tacaítear freisin le ról eiseamláire na hEarnála Poiblí ó thaobh na hÉifeachtúlachta Fuinnimh, agus ó thaobh idiú fuinnimh a thomhas, a mhonatóiriú agus a thaifeadeadh d'ardán Monatóireachta & Tuairiscithe na hearnála poiblí de chuid an Udarais Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (dar teideal SEAI PS).

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2019

- Bhaineamar an chéad áit sa chatagóir Ceannaireacht san Earnáil Phoiblí ag Gradaim Fuinnimh Udarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).
- Chuir Dún Laoghaire-Ráth an Dúin i gcrích go rathúil an t-iniúchadh athdheimnithe agus an t-aistriú a rinne a Córas Bainistíochta Fuinnimh chuig caighdeán nua ISO 50001:2018.
- D'fhreastail 350 duine ar an 'Fóram Domhanda NZEB' thar dhá lá. D'eagraigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ceardlanna agus turais ar fhoirgnimh ag Fitzpatrick's Castle Hotel, Cill Iníon Léinín.
- D'fhreagair 264 ball d'fhoireann oifige, leabharlainne, iosta agus Fóillíochta an suirbhé ar Fheasacht Fuinnimh i Meán Fómhair. Reáchtáladh seimineár faisnéise i Meán Fómhair agus thóg 7 den fhoireann an Fearas Coigilte Fuinnimh Baile ar iasacht.

- D'fhreastail 200 duine ar an seimineár 'Feabhsuithe Fuinnimh Baile' ag Leabharlann dlrLexicon i nDeireadh Fómhair, mar chuid den Fhéile Ailtireachta 'Open House Dublin'. Thóg 68 duine na Pacáistí Coigilte Fuinnimh Baile ar iasacht ó leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Suiteáladh an chéad bhinse cliste grianchumhachtaithe ar domhan, lena n-áirítear trealamh rothaíochta, i gCeantar Cliste Gnó Áth an Ghainimh agus i nDún Laoghaire chun an fuinneamh inathnuaite, timpeallacht ghlan agus shláintiúil, réitigh aeir ghlain, iompar inbhuanaithe agus tionscnaimh sonraí digiteacha a chur chun cinn.
- Ba é Ionad Pobail agus Seanóirí an Naigín ceann de na chéad fhoirgnimh poiblí de chuid dlr a bhain an caighdeán nua NZEB (foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh) agus Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) de A2 amach.
- D'óstáil Roinn Fóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ceardlanna feasachta i ngach saoráid dá cuid agus chabhraigh sí le gníomhaíochtaí feasachta fuinnimh.

Gníomhaíochtaí a Rinneadh in 2019:


Ós rud é gur uasghrádaíodh níos mó ná 4,600 solas poiblí go LED, ciallaíonn sé sin go bhfuil iomlán carntha LED de 54% ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin anois. Bhain an soilsiú poiblí amach laghdú idithe fuinnimh 8% ó bhonnlíne 2009, cé is moite gur cuireadh isteach 3,500 solas breise sa tréimhse sin.

Mhéadaigh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a flít leictreach (faoi 6 in 2019). Tá fiche a haon feithicil leictreach sa bhflít anois. Rinneadh trí luchtair EV dúbláilte a shuiteáil i bPáirceanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

D'éirigh Lárionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin feabhsúchán 9.6% a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh i gcomparáid le 2018, trí rialuithe oibríochta níos fearr a chur i bhfeidhm, agus millíní adhmaid a chur in áit an gháis nádúrtha mar an príomhfhoinsé teasa san iosta.



Foireann Fuinnimh Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin



Suiteáladh soilse LED nua in 8 nIonad Pobail - Seomraí Pobail Bhaile Uí Lachnáin, Ionad Ógra agus Pobail Chois Cairn, Teach Pháirc Sheangánaí, Ionad Acmhainní Chill an Chroisire, Ionad Pobail Áth an Ghainnimh, Saoráidí Pobail Loreto, Saoráid Pobail Theach na Páirce ar Bhóthar na Leabharlainne agus Saoráid Pobail Bhaile an Chnoic. Cuireadh i gcrích an obair inslithe seachtraigh ar Ionad Pobail Phádraig trí scéim deontais an Chláir um Fheabhsú Pobail.

I Leabharlann dlrLexlcon, suiteáladh póirse stoirme agus rinneadh uasghrádú ar shoilsiú LED sa charrchlós faoi thalamh. Rinneadh an méadar bithmhaise a choimisiúnu ag deireadh 2019, rud a chumasóidh léamha fuinnimh níos cruinne. Suiteáladh soilsiú LED i Leabharlann Dheilginise.

Chuir roinn Fóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin soilse LED isteach i ngach ionad fóillíochta mór.

Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2020:

Leanadh ar aghaidh le soilse poiblí a uasghrádú go soilse LED éifeachtúla. Fuarthas agus suiteáladh laindéir LED mhaisiúla ar bhealaí tráchta agus i gceantair chónaitheacha.

Fuarthas agus cuireadh isteach 3 aonad luchtaithe EV sráide i Sráidbhaile Dheilginise, Eastát Tionsclaíochta Áth an Ghainnimh agus Sráidbhaile Dhún Droma, agus cuireadh isteach 12 luchtair EV bhreise i láithreacha i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, chomh maith le 8 luchtair chun críocha na foirne.

Tá sé beartaithe Bainisteoir Flít a cheapadh don Aonad Bainistíochta Flít i mBaile Uí Ógáin a a mbeidh freagracht as an straitéis soláthair, feabhsúcháin oibríochta agus as seachadadh agus cothabháil réimse leathan feithiclí a úsáideann astaíochtaí níos ísle acu agus a bhfuil úsáid níos ilfheidhmí ag baint leo a cheannach agus cuirfear i bhfeidhm Plean don Fhlít atá dírithe ar ísealfhuinneamh chun éifeachtúlacht fuinnimh an fhlíit a mhéadú agus fad saoil na bhfeithiclí a ardú.

Tá soilse LED le suiteáil i Leabharlann Ghráinseach an Déin.

Tá feistiú soilsithe le suiteáil i stóras fearais Bhaile Uí Ógáin agus méadar teasa le suiteáil ar chaire bithmhaise Bhaile Uí Ógáin.

Déanfar ceardlann faoin gCóras Bainistíochta Foirgníochta agus ar mhionleasú leanúnach ar phointí rialaithe a eagrú.

Ceannófar 2 Phacáiste Coigilte Fuinnimh Baile Lena gcur ar fáil ar iasacht don phobal ag Leabharlann Lexlcon agus Leabharlann Stigh Lorgan.

Cuirfear i gcrích Iniúchtaí Fuinnimh ar 4 úsáideoir shuntasacha fuinnimh – Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain, Lárionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin agus Leabharlann Lexlcon Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá sé beartaithe ag Ionaid Fóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tuilsoilse na bpáirceanna uile-aimsir a uasghrádú go soilse LED in 2020, agus tá sé beartaithe ag roinn Fóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin dul i mbun sócrú CFF (Conradh Feidhmíochta Fuinnimh).



